



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & RÁITEAS AIRGEADAIS 2009

**Commission For
Taxi Regulation**

35 Fitzwilliam Square
Dublin 2, Ireland

Tel: +353 1 659 3800

Fax: +353 1 659 3801

www.taxiregulator.ie

Clár Ábhar

Tuarascáil an Choimisinéara	2
Ceadúnú	6
Ceadúnú Feithiclí SPSV	7
Ról an Choimisiúin i gCeadúnú Feithiclí	7
Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe in 2009	7
Forbairtí Eile	12
Clár Oibre maidir le Ceadúnú SPSV in 2010	13
Ceadúnú Oibreoirí Seachadta	14
Ról an Choimisiúin	14
Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe in 2009	14
Clár Oibre maidir le Ceadúnú Oibreoirí Seachadta in 2010	14
Ceadúnú Tiománaithe SPSV	15
Ról an Choimisiúin	15
Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe in 2009	15
Forbairtí Eile	16
Clár Oibre maidir le Ceadúnú Tiománaithe SPSV in 2010	17
Comhlíonadh	18
Ról an Choimisiúin	19
Léargas Ginearálta ar Chomhlíonadh in 2009	19
Cosaint Tomhaltóirí	20
Léargas Ginearálta ar Ghearáin a Fuarthas	20
An Roinn Coimirce Sóisialaí	20
Léargas Ginearálta ar Phionóis Mhuirir Sheasta agus ar Ionchúisimh	21
Forbairtí Dlí	25
Clár Oibre maidir le Comhlíonadh in 2010	25
Bailiú Sonraí agus Soláthar Faisnéise	26
Ról an Choimisiúin	27
Soláthar Faisnéise in 2009	27
Línte Gutháin Faisnéise	28
Treoirlínte Pleanála maidir le Stadanna Tacsáí	29
Comhfheachtas Fógraíochta in éineacht leis an RSA	30
Clár Oibre maidir le Bailiú Sonraí agus Soláthar Faisnéise in 2010	30
Feidhmeanna Ginearálta, Dlí agus Riaracháin	31
Trédhearcacht agus Freagracht	32
Infheistíocht sa Tionscal	33
Soláthar Foirne an Choimisiúin	33
Sainchomhairleoirí Seachtracha	34
Ionchorprú san Údarás Iompair Náisiúnta (NTA)	34
Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2009	35

Tuarascáil an Choimisinéara

Is é atá sa Tuarascáil seo cuntas ar obair an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe sa bhliain 2009 agus léargas ar a gclár oibre don bhliain 2010.

Is í príomhfheidhm an Choimisiúin forbairt agus cothabháil creatlaí rialála um rialú agus feidhmiú beagfheithiclí seirbhíse poiblí (SPSVanna), a gcuid tiománaithe agus oibreoirí seachadta, le seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a chinntiú d'úsáideoirí SPSV.

Chuir an Coimisiún roinnt cuspóirí chun cinn go mór i gcaitheamh na bliana 2009. I mí Eanáir 2009, tháinig caighdeán nua feithicle an Choimisiúin i bhfeidhm le haghaidh iarrthóirí nua sa tionscal. Clúdaíonn na caighdeáin roinnt réimsí, lena n-áirítear bail feithicle, aois feithicle agus bunsonraíochtaí feithicle.

Chomh maith leis sin, sheol an Coimisiún an Clár Forbartha Scileanna le haghaidh thionscal na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí. B'éigeantach comhlíonadh an Chláir do gach iarratasóir nua ar cheadúnas tiomána SPSV agus oibreoir seachadta ó mhí na Bealtaine 2009 i leith. Is é an Clár Forbartha Scileanna an chéad treoir chuimsitheach agus próiseas tástála do thiománaithe SPSV in Éirinn. Is í mórsprioc an Chláir cinntiú go mbaineann gach tiománaí na caighdeáin chéanna amach maidir le heolas tionscail agus ceantair agus leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí ardchaighdeán ar fáil do chustaiméirí.

I mí an Mhárta 2009, d'fhoilsigh an Coimisiún Athbhreithniú Geilleagrach Goodbody agus ina dhiaidh sin, thug siad faoi lánphróiseas sainchomhairliúcháin phoiblí i leith thorthaí agus mholtaí an athbhreithnithe seo. Mar chuid den phróiseas sainchomhairliúcháin, d'éascaigh an Coimisiún ceardlanna le hionadaithe an tionscail ar fud na hÉireann, rinne siad machnamh ar na haighneachtaí a fuarthas mar fhreagairt ar an bhfógra sainchomhairliúcháin phoiblí agus bhuail siad le príomhpháirtithe leasmhara maidir le leasanna gnó agus tomhaltóra, go háirithe leasanna na ndaoine faoi mhíchumas. Sainaithníodh gníomhartha breise agus rinneadh measúnú iomlán ar a n-índéantacht, ar a gcostais agus ar a dtairbhí mar chuid den phróiseas sainchomhairliúcháin agus laistigh de cheithre anailís ar thionchar rialála.

I mí Dheireadh Fómhair 2009, d'fhoilsigh an Coimisiún *Feabhas Cálíochta a Chur chun Cinn sa Tionscal SPSV (Progressing Quality Improvement in the SPSV Industry)*, inar sonraíodh tuilleadh beart le cur i bhfeidhm san earnáil mar fhreagairt ar mholtaí an Athbhreithnithe Gheilleagraigh agus ar thorthaí an ghrinnphróisis sainchomhairliúcháin. Bhí cuid de na bearta a sonraíodh san áireamh i bpleananna gníomhaíochta roimhe seo agus cuireadh ar aghaidh iad nó cuireadh chun cinn iad go ndéanfaí ábhar ní ba mhionsonraí díobh. Chuaigh mórán de na bearta i ngleic le príomhbhuarthaí fearacht meicniúcháin sainaitheanta i leith ceadúnú tiománaithe, chaighdeán iomlán an chabhlaigh SPSV agus rochtana ar sheirbhísí SPSV ag daoine faoi mhíchumas.

Is minic a bhraitheann daoine faoi mhíchumas ar an tseirbhís ó dhóras go doras a chuireann tacsaithe ar fáil. Tá an Coimisiún den bharúil gur gá an méid feithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí a mhéadú agus infhaighteacht na gceann atá ceadúnaithe cheana féin a fheabhsú. Níor mhéadaigh spreagthaí a tairgeadh go nuige seo, lena n-áiríodh táille cheadúnais i bhfad ní ba shaoire, an cabhlach atá oiriúnach do chathaoir rothaí a dhóthain. Mar chuid den phlé agus den phróiseas um dhéanamh cinntí a rinneadh in 2009, chinn an Coimisiún tús a chur le tréimhse le ceadúnais d'fheithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí a eisiúint amháin, d'fhonn soláthar seirbhísí SPSV lán-inrochtana a spreagadh níos mó. Tá an tréimhse seo le tosú i mí an Mheithimh 2010. Ag an am céanna, tá an Coimisiún sa tóir ar fhormheas um chúnamh airgeadais i rith an ama d'oibreoirí feithicle reatha atá oiriúnach do chathaoir rothaí ionas go mbeidh siad in ann a gcuid feithiclí a uasghrádú le riachtanais an Choimisiúin a bhaint amach faoin mbliain 2012. Coinneofar an oiread feithiclí inrochtana sa chabhlach faoi athbhreithniú gníomhach agus déanfar an t-eolas seo a chur faoi bhráid na Roinne Iompair.

Rinneadh cinneadh freisin ar roinnt beart a chuirfidh caighdeán agus comhlíonadh chun feabhais sa tionscal, lena n-áiríodh caighdeáin feithicle a thabhairt chun tosaigh le haonfhoirmeacht níos fearr a chinntiú faoin mbliain 2011 agus an Clár Forbartha Scileanna a thabhairt chun tosaigh do shealbhóirí ceadúnas tiomána SPSV atá ann faoi láthair.

Anuas air sin, rinneadh cinneadh ar rialacháin nua i dtaca le hinaistritheacht ceadúnas tacsáí idir oibreoirí agus na riachtanais nua do dhaoine a chuireann isteach ar cheadúnais agus a athnuann a gceadúnas. Méadóidh na riachtanais seo freagracht agus comhlíonadh i gcuideachta an Achta um Rialáil Tacsaithe agus reachtaíochta i leith sláinte agus sábháilteachta, leas sóisialach agus ioncaim.

Tá dúshláin ollmhóra roimh an tionscal i láthair na huaire mar is gnách agus tá monatóireacht ghéar á déanamh ag an gCoimisiún air seo. Is furasta a fheiceáil go bhfuil laghdú tagtha ar an líon SPSVanna a fheidhmíonn in Éirinn san iomlán. Is ábhar imní é don Choimisiún an laghdú ar an oiread feithiclí inrochtana sa chabhlach. Tá laghdú leanúnach tagtha ar líon na gceadúnas nua feithicle a eisíodh ón mbliain 2008 i leith. Eisíodh 2,209 ceadúnas feithicle níos lú in 2009 ná mar a eisíodh in 2008. Tá an Coimisiún ag súil le laghdú eile ar líon na gceadúnas nua feithicle i rith 2010 mar thoradh ar an mbeart sealadach ceadúnais nua a eisiúint le haghaidh feithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí amháin.

Ba í 2009 an bhliain dheireanach de chlár oibre tosaigh cúig bliana an Choimisiúin. Dhírigh clár oibre 2005–2009 ar bhunú agus ar fhorbairt leanúnach córais rialála a chinntíonn go dteastaíonn ardchaighdeán cháilíochtúla ó gach oibreoir agus go ndéantar iad a chothabháil go comhsheasmhach san earnáil. Tugadh mórán de na caighdeáin agus den athchóiriú isteach ar bhonn céimnithe d'fhonn ligean d'oibreoirí reatha dul i dtaithí orthu. Cuimsítear caighdeáin reatha cháilíochtúla don uile oibreoir san athchóiriú a leagtar amach in *Feabhas Cáilíochta a Chur chun Cinn sa Tionscal SPSV* agus cuirfear i bhfeidhm iad sna blianta beaga amach romhainn. Cuireann na hathchóirithe seo deireadh na tréimhse athchóirithe tosaigh in iúl maidir leis an earnáil SPSV in Éirinn.

Tá an córas náisiúnta rialála, atá bunaithe ar chaighdeáin cháilíochtúla iontrála agus athnuachana, suite go daingean anois. Is ann anois d'uastáille náisiúnta do thacsaithe agus limistéar náisiúnta tacsaiméadair, clár náisiúnta ceadúnas feithicle, tiomána agus oibreora sheachadta, córais dhaingne thrédhearcacha náisiúnta um cheadúnú feithicle agus oibreoirí seachadta, córas

náisiúnta gearán, forfheidhmiú spriocdhírithe tionscail, agus caighdeáin nua feithicle agus tiomána le haghaidh gach iarratasóra nua sa tionscal.

Cinnteoídh na caighdeáin nua feithicle, tiomána agus oibreora sheachadta seo iomaíochas cothrom agus ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí. Ina theannta sin, cinnteoídh siad go dtabharfar aitheantas iomlán do gach oibreoir a fhanann sa tionscal mar dhaoine gairmiúla oile atá tiomanta d'fheabhsú agus d'fhorbairt leanúnach na hearnála SPSV in Éirinn.

Foilseoidh an Coimisiún a *Ráiteas Straitéise 2010–2014* agus a *bPlean Gníomhaíochta 2010–2011* in 2010. Díreoidh an chéad chlár oibre eile cúig bliana de chuid an Choimisiúin ar dhaingniú na bpróiseas agus na gcóras atá ann san am i láthair, cur chun cinn tionscnamh nua, agus comhcheangal breise seirbhísí SPSV sa ghréasán níos leithne iompair.

I rith na bliana 2010, seolfaimid seirbhís nua um cheadúnú feithiclí, tabharfaimid isteach measúnú bliantúil ar athnuachan ceadúnais (LRA) le haghaidh ceadúnais feithicle, tabharfaimid faoi athbhreithniú ar an uastáille náisiúnta do thacsaithe, tabharfaimid isteach cártaí nua aitheantais tiomána le haghaidh gach tiománaí SPSV, cuirfimid bun faoi chlár ar líne de cheadúnais ghníomhacha feithicle, tiomána agus oibreora sheachadta, tabharfaimid isteach an chatagóir i leith fruilcharr atá oiriúnach do chathaoir rothaí, déanfaimid scrúdú ar indéantacht ceadúnas cabhlaigh agus cuirfimid na treoirlínte pleanála maidir le stadanna tacsáí i gcló. Spreagfaidh na treoirlínte pleanála maidir le stadanna tacsáí dea-chleachtas i bpleanáil agus i soláthar stadanna tacsáí in Éirinn, agus aird ar leith ar inrochtaineacht na stadanna. Sa mhullach air sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an tsamhail chomhlíonta atá ann i láthair na huaire leis an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil againn a dhéanamh amach. Beidh na forbairtí uile sna réimsí seo faoi réir próis chuí agus ceapfar iad ar aon dul le modheolaíochtaí dea-chleachtais rialála.

Ba mhian liom an fhaill seo a ghlacadh mo bhuíochas a chur in iúl do na sealbhóirí gairmiúla agus comhlíontacha ceadúnais uile a chuireann ardchaighdeán seirbhíse ar fáil do thomhaltóirí, a ghlacann páirt sa phróiseas um dhéanamh cinntí trína gcuid ionadaithe agus ar bhonn aonair, agus as a n-idirchaidreamh leanúnach leis an gCoimisiún i gcaitheamh na bliana 2009.


Táim go mór faoi chomaoín an Chathaoirligh agus bhaill na Comhairle Comhairlí as ucht a ndearna siad ar son an phróisis sainchomhairliúcháin in 2009 agus as a gcuid comhairle agus cúnamh le linn na bliana.

Táim buíoch den Aire Iompair agus de lucht bainistíochta agus d'fhoireann na Roinne Iompair as ucht a dtacaíochta agus a gcúnamh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta agus le foireann an Choimisiúin as a dtiomantas agus a ndúthracht i mbaint amach ár gcuspóirí.

Leanfaimid orainn i mbun oibre ar son na gcuspóirí a leagtar amach san Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003 i rith na bliana 2010. Táimid tiomanta i rith an ama do chinntiú go bhfuil an earnáil SPSV in Éirinn ar cheann de na cinn is fearr san Eoraip agus go dtugtar aitheantas do luach na hearnála ag an uile leibhéal. Táimid tiomanta i rith an ama freisin do bhaint amach na gcaighdeán is airde um rialachas corparáideach ar bhealach trédhearcach cuntasach.

Leagtar amach in Alt 29 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003 oibleagáidí an Choimisiúin i ndáil lena gcuid cuntas agus tuairiscí a chur faoi bhráid an Aire Iompair. Is deas liom anois an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Aire Iompair, i gcomhlíonadh oibleagáidí reachtúla an Choimisiúin i ndáil lena gcuntais agus lena dtuairisciú.



Kathleen Doyle

An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe

Ceadúnú

Ceadúnú Feithiclí SPSV

Ról an Choimisiúin i gCeadúnú Feithiclí

Is iad an Coimisiún an t-údarás ceadúnaithe le haghaidh gach beagfheithicle seirbhíse poiblí agus tá na feidhmeanna a leanas acu dá bharr:

- Socrú na gcoinníollacha ceadúnaithe do gach tacsái, tacsaithe atá oiriúnach do chathaoir rothaí, fruilcharranna agus limisíní;
- Socrú na huastáille náisiúnta do thacsaithe a chinntíonn go gcuirtear táille chaighdeánach agus struchtúr táille simplithe i bhfeidhm ar fud na tíre;
- Ceanglaíonn siad ar oibreoírí faisnéis a thaispeáint san fheithicil a chlúdaíonn réimsí éagsúla, fearacht ceart agus freagrachtaí tiománaithe agus tomhaltóirí agus na huastáille náisiúnta do thacsaithe;
- Oibriú córais náisiúnta shimplithe um cheadúnú feithiclí a chinntíonn próiseas cothrom comhsheasmhach éifeachtúil um cheadúnú SPSV;


- Oibriú córais náisiúnta um uimhircheadúnú feithiclí a chinntíonn go bhfuil uimhir thagartha ar leith ag gach ceadúnas i gclár na bhfeithiclí;
- Cothabháil chlár náisiúnta an uile cheadúnas feithicle.

Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe in 2009

Faoi mar a leagadh amach i *dTuarascáil Bhliantúil 2008*, bhí léirscaoileadh mhargadh na dtacsaithe agus bunú an Choimisiúin ina dhiaidh sin in 2004 ina mbunús le hathruithe móra ar struchtúr na hearnála SPSV ón mbliain 2000 i leith.

Aníos go deireadh na bliana 2008, bhí méadú seasta ar an líon a bhí ag dul isteach sa mhargadh agus ba í 2009 an chéad bhliain le naoi mbliana déag anuas ina raibh laghdú ar líon iomlán na gceadúnas feithicle. Tháinig laghdú 492 ceadúnas ar an gcabhlach in 2009.

Treochtaí i líon na SPSVanna in Éirinn, 1990–2009



Líon na SPSVanna ceadúnaithe in Éirinn, 1993–2009


Bliain	Tacsaí*	Eile**	Iomlán	Athrú Bliantúil (%)
1993	2,726	3,418	6,144	–
1994	2,929	3,996	6,925	12.7
1995	3,002	5,084	8,086	16.8
1996	3,145	6,074	9,219	14.0
1997	3,212	7,128	10,340	12.2
1998	3,639	7,610	11,249	8.8
1999	4,063	9,013	13,076	16.2
2000	4,218	9,419	13,637	4.3
2001	8,025	8,522	16,547	21.3
2002	10,757	7,495	18,252	10.3
2003	12,781	7,075	19,856	8.8
2004	14,171	6,573	20,744	4.5
2005	15,686	6,202	21,888	5.5
2006	17,287	5,293	22,580	3.2
2007	19,496	6,199	25,695	13.8
2008	21,177	6,252	27,429	6.7
2009	21,135	5,802	26,937	-1.8

Bhí laghdú iomlán 1.8% ar líon iomlán na gceadúnas gníomhach feithicle in 2009. Eisíodh 827 ceadúnas nua le linn na bliana, agus aistríodh 2,140 ceadúnas tacsaí SPSV ó shealbhóir ceadúnais amháin go ceann eile. Tá miondealú ar ghníomhaíochtaí ceadúnaithe SPSV in 2009 sna fíoracha agus sna táblaí ar leathanaigh 7–11.

* Áirítear tacsaithe atá oiriúnach do chathaoir rothaí

**Áirítear fruilcharranna (1993–2000) agus fruilcharranna agus limisíní (2001–2009)

Foinse: An tAonad Cláraithe Feithiclí, an Roinn Iompair (VRU 1993–2006) agus an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe (2007–2009)


Ceadúnais nua SPSV a eisíodh, Eanáir 2007–Nollaig 2009

Líon iomlán na gceadúnas nua a eisíodh de réir catagóire, Eanáir–Nollaig 2009

	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúil	Lún	M Fó	D Fó	Sam	Nol	Iomlán 2009	Iomlán 2008
Tacsaí	32	33	32	35	20	9	12	2	3	3	6	6	193	1,701
Fruilcharr	43	34	46	38	28	31	35	23	36	13	22	20	369	841
Limisín	8	12	10	11	9	14	17	10	10	3	3	3	110	213
WAT [†]	9	10	15	6	17	20	14	15	16	11	10	12	155	281
Iomlán	92	89	103	90	74	74	78	50	65	30	41	41	827	3,036

[†]Tacsaí atá oiriúnach do chathaoir rothaí

Líon na n-aistrithe ceadúnais tacsaí[†] in aghaidh na míosa, 2009



[†]Nóta: is neamh-inaistrithe iad ceadúnais fruilchairr agus limisín

Ceadúnais Ghníomhacha Feithicle de réir Contae, 2009


Contae	Fruilcharr	Limisín	Tacsaí	WAT	Iomlán 2009	Iomlán 2008
Ceatharlach	49	1	99	27	176	200
An Cabhán	107	3	99	16	225	234
An Clár	211	41	212	18	482	503
Corcaigh	683	162	1,464	107	2,416	2,382
Dún na nGall	323	211	208	25	577	558
Baile Átha Cliath	204	385	11,650	687	12,926	13,244
Gaillimh	366	55	704	78	1,203	1,231
Ciarraí	220	79	233	21	553	535
Cill Dara	268	84	741	97	1,190	1,259
Cill Chainnigh	58	10	166	28	262	267
Laois	83	6	155	42	286	289
Liatroim	56	6	30	17	109	107
Luimneach	194	59	614	40	907	930
An Longfort	31	3	75	14	123	125
Lú	122	42	519	46	729	754
Maigh Eo	210	29	191	23	453	448
An Mhí	156	63	1,155	90	1,464	1,408
Muineachán	107	10	6	11	134	144
Uíbh Fhailí	139	15	83	17	254	262
Ros Comáin	117	10	42	10	179	164
Sligeach	40	22	145	15	222	217
Tiobraid Árann	304	33	38	4	379	394
Port Láirge	75	49	223	31	378	398
An Iarmhí	58	20	275	44	397	396
Loch Garman	170	40	147	33	390	426
Cill Mhantáin	146	57	291	29	523	554
Iomlán	4,497	1,305	19,565	1,570	26,937	27,429

Beagfheithiclí seirbhíse poiblí

Amhail mí na Nollag 2009, tá iomlán de

26,937

ceadúnas gníomhach beagfheithicle seirbhíse poiblí (SPSV) sa tír.



Forbairtí Eile

Caighdeán Feithicle

Tháinig caighdeán nua feithicle an Choimisiúin i bhfeidhm le haghaidh iarrthóirí ar cheadúnas feithicle an 1 Eanáir 2009. Clúdaíonn na caighdeáin roinnt réimsí, lena n-áirítear bail feithicle, aois feithicle agus bunsonraíochtaí feithicle. Orthu siúd tá siad seo a leanas:

- Tacsaithe caighdeánacha agus fruilcharranna:
 - Aois feithicle: nach mó ná naoi mbliana;
 - Toilleadh bagáiste: 420 lítear le cumas sonrach freastal ar chathaoir rothaí fillte;
 - Íosmhéid inmheánach: ní cheadaítear na cinn nach bhfuil ábalta suíocháin a sholáthar do cheathrar paisinéirí fásta go compordach níos mó.
- Ceanglaítear ar gach SPSV a leanas a bheith acu (gach sealbhóir ceadúnais):
 - Ardchaighdeán glaineachta;
 - Trealamh sábháilteachta, lena n-áirítear múchtóir dóiteáin, fearas garchabhrach, triantán réamhghuaise, veist fhrithchaiteach ard-infheictheachta;
 - Tóirse;
 - Peann and páipéar.

Is í príomhaidhm na gcaighdeán nua caighdeán seirbhíse, compord agus sábháilteacht na bpaisinéirí agus na dtiománaithe uile a fheabhsú.

Feabhas Cáilíochta a Chur chun Cinn sa Tionscal na SPSV, Deireadh Fómhair 2009 – Caighdeán Feithicle

Tar éis an phróisis sainchomhairliúcháin a rinneadh i ndiaidh fhoilsiú an Athbhreithnithe Gheilleagraigh, tugadh cur i bhfeidhm an uasriachtanais naoi mbliana le haghaidh sealbhóirí reatha ceadúnas feithicle chun tosaigh ó 2012 go 2011 (tráth athnuachana ceadúnais). Ghlac an Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún leis seo. I í sprioc an bhirt seo dul i ngleic le buarthaí faoi chaighdeán iomlán an chabhlaigh. Measadh gurbh oiriúnach riail na haoise a thabhairt chun tosaigh, go háirithe i bhfianaise na laghduithe móra ar chostas feithiclí athlámhe ón mbliain 2008 i leith. D'ordaigh an Coimisiún, leis, nach mór go gcomhlíonfaí sealbhóirí ceadúnais faoi láthair riail na haoise naoi mbliana agus a bhfeithicil á hathrú ó mhí an Mheithimh 2010 amach. Leanfar ar aghaidh le céimniú na gcaighdeán eile feithicle

tráth na hathnuachana in 2012 (maidir le sealbhóirí ceadúnais faoi láthair).

Inrochtaineacht

Beidh cothabháil an chabhlaigh reatha feithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí ina príomhábhar imní sna blianta beaga amach romhainn. I measc aidhmeanna chlár oibre 2005–2009, bhí 10% den chabhlach SPSV a bheith inrochtana go hiomlán. Níorbh fhéidir an sprioc seo a bhaint amach laistigh den tréimhse seo de dheasca bhail mheathlaithe an gheilleagair agus easpa maoinithe a bhí ag teastáil.

Rinneadh scrúdú ar threochtaí nua úsáide tacsaithe ag daoine faoi mhíchumas san *Athbhreithniú Geilleagraich ar an Tionscal SPSV* (2009) agus fuarthas amach go raibh laghdú ar úsáid daoine faoi mhíchumas as tacsaithe i gcomparáid le 2005. Ar na príomhchúiseanna a tugadh bhí easpa infhaighteachta na bhfeithiclí oiriúnacha nuair a ordaíodh iad agus saincheisteanna inacmhainneachta i measc úsáideoirí. Ba í conclúid an Athbhreithnithe Gheilleagraigh gur cheart níos mó seirbhísí a iarraidh do dhaoine faoi mhíchumas.

Mar chuid den phróiseas sainchomhairliúcháin agus athbhreithnithe dá éis i rith 2009, cuireadh anailís ar thionchar rialála i gcrích faoi réimse roghanna le hinrochtaineacht ar sheirbhísí SPSV a fheabhsú. Cuireadh in iúl go soiléir san anailís seo ar thionchar rialála gurbh fhéidir an cabhlach inrochtana atá ann faoi láthair a laghdú go mór nuair a thagann na caighdeáin nua isteach le haghaidh feithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí in 2012, ag féachaint don easpa maoinithe atá ann do shealbhóirí reatha ceadúnas feithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí a gcuid feithiclí a fheabhsú. Is í is cúis leis seo go mbeidh sé deacair ar mhórán oibreoirí SPSV airgead a fháil ó institiúidí príobháideacha faoi choinne na bhfeithiclí ardchostais seo. D'fhéadfadh drogall bheith ar na daoine atá ábalta an t-airgead a fháil mar gheall ar na costais oibriúcháin bhreise. Beidh drochthorthaí aige maidir leis na daoine atá ar fostú sa tionscal, na daoine a bhraitheann an chuid is mó ar sheirbhísí inrochtana SPSV agus an státchiste.

I gcaitheamh na bliana 2009, chuir an Coimisiún tuilleadh aighneachtaí ar aghaidh faoi choinne maoiniú agus/nó cead a gcuid cistí féin a úsáid le sealbhóirí

incháilithe ceadúnais a fhóirdheonú lena gcuid feithiclí inrochtana a uasghrádú. Níorbh fhéidir an maoiniú seo a dheonú. Dá bhrí sin, d'fhógair an Coimisiún réimse beart a bhain le coinníollacha faoi cheadúnú feithiclí i mí Dheireadh Fómhair 2009 faoi mar a shonraítear thíos. Ceaptar na bearta seo le soláthar seirbhísí SPSV a spreagadh i bhfeithiclí inrochtana ón mbliain 2010 amach. Moltar a chur san áireamh, áfach, nach dócha go seach-chuirfidh siad laghdú ón gcabhlach atá ann faoi láthair a dhóthain faoin mbliain 2012.

Feabhas Cáilíochta a Chur chun Cinn sa Tionscal na SPSV, Deireadh Fómhair 2009 – Soláthar Inrochtaineachta

Ó mhí an Mheithimh 2010 amach, ní eiseoidh an Coimisiún ach ceadúnais nua tacsáí agus fruilchairr le haghaidh feithiclí a bhaineann amach caighdeán nua feithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí de chuid an Choimisiúin. Ní eiseofar aon cheadúnais nua chaighdeánacha tacsáí nó fruilchairr ar feadh tréimhse ama.



Ní bheidh ceadúnais reatha chaighdeánacha tacsáí inaistrithe ach am amháin tar éis an 1 Meitheamh 2010 agus ní bheidh siad inaistrithe le feithiclí caighdeánacha atá níos lú ná trí bliana d'aois. Tá an riachtanas go gcaithfidh siad bheith inaistrithe le feithicil atá trí bliana d'aois nó níos lú le tabhairt isteach le go mbeidh an

costas a bhaineann le gnóthú ceadúnais nua feithicle atá oiriúnach do chathaoir rothaí le feithicil a bhaineann amach na caighdeán nua inrochtana inchomparáide go forleathan leis an gcostas a bhaineann le gnóthú ceadúnais aistrithe tacsáí.

Beidh gach ceadúnas nua tacsáí a eiseofar tar éis mhí an Mheithimh 2010 neamh-inaistrithe idir daoine; ní bheidh ceadúnais reatha tacsáí inaistrithe arís ach am amháin eile agus beidh siad neamh-inaistrithe dá éis, agus beidh gach ceadúnas tacsáí atá oiriúnach do chathaoir rothaí (idir chinn atá ann cheana féin agus chinn nua) neamh-inaistrithe. Is é an smaoineamh atá taobh thiar d'inaistritheacht ceadúnas tacsáí cinntiú níos mó, de bharr easpa ceadúnas nua caighdeánach tacsáí, nach n-ardóidh luach na gceadúnas reatha caighdeánach tacsáí mórán agus go gcoinneofar ceadúnais tacsáí na hÉireann mar chead oibrithe seachas mar shócmhainní.

Clár na bhFeithiclí atá Oiriúnach do Chathaoir Rothaí

Tar éis thabhairt isteach Chlár na dTacsaithe atá Oiriúnach do Chathaoir Rothaí sa bhliain 2008, scaipeadh cóip den Chlár ar Chuibhreannas Míchumais na hÉireann in 2009 agus tá siadsan ag cur grúpaí éagsúla míchumas ar an eolas faoin gClár anois. Féadfaidh tomhaltóirí a dhéanann teagmháil le líne faisnéise an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe ar 1890 60 60 90 faisnéis teagmhála a iarraidh le haghaidh seirbhísí tacsáí atá oiriúnach do chathaoir rothaí atá ar fáil ina gceantar.

Ceanglaítear ar gach sealbhóir ceadúnais tacsáí atá oiriúnach do chathaoir rothaí tús áite a thabhairt d'áirithintí le haghaidh daoine faoi mhíchumas.

Clár Oibre maidir le Ceadúnú SPSV in 2010

- Tabharfaidh an Coimisiún seirbhís thiomanta um riarachán ceadúnaithe feithiclí agus cigireacht oiriúnachta isteach;
- Tabharfar measúnú ar athnuachan ceadúnais (LRA) isteach ó mhí Eanáir 2010 amach. Cigireacht bhliantúil is ea seo ar an bhfeithicil a bhfuil ceadúnas a fháil di le cinntiú go mbíonn sí oiriúnach d'oibriú SPSV i rith an ama. Mar shampla, fíoróidh an chigireacht bail agus glaineacht an taoibh istigh den fheithicil, seiceálfad sí go bhfuil na rampaí i dtacsáí atá oiriúnach do chathaoir rothaí, etc.;

- Coinneoidh agus forbróidh an Coimisiún a mbunachar sonraí lena mbaineann an Tuarascáil Mhúnlai ina bhfuil faisnéis faoi cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann déantúis agus múnlaí ar leith feithicle na riachtanais a bhaineann le méid an taoibh istigh agus le spás do bhagáiste. Is ann don fhaisnéis seo, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, le cúnamh a thabhairt d'oibreoírí SPSV cinnte a dhéanamh go meastar feithicil a bheith inghlactha go bunúsach sula dtugtar faoin gcigireacht fhoirmiúil oiriúnachta;
- Leanfaidh an Coimisiún orthu ag cur nuashonruithe rialta staitistice ar fáil faoi líon agus catagóir na gceadúnas gníomhach feithicle ar fud na hÉireann;
- Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar Athbhreithniú ar Uastáilí i rith na bliana 2010.

Ceadúnú oibreoírí seachadta

Ról an Choimisiúin

Tá feidhm ríthábhachtach ag oibreoírí seachadta i ndáil le cinntiú go gcuirtear seirbhísí ardchaighdeán freagracha inrochtana SPSV ar fáil do thomhaltóirí. Ní foláir dóibh oibriú de réir na gcaighdeán is airde agus is féidir. I ndiaidh foráil dheireanach reachtaíochta, is é an Coimisiún an t-údarás ceadúnúcháin le haghaidh oibreoírí seachadta agus, mar sin de:

- Socraíonn siad coinníollacha ceadúnaithe do na hoibreoírí seachadta uile;
- Ceanglaíonn siad ar gach oibreoir seachadta an Clár Forbartha Scileanna a phasáil;
- Oibríonn siad córas náisiúnta simplithe um cheadúnú oibreoírí seachadta a chinntíonn próiseas cothrom comhsheasmhach éifeachtúil ceadúnaithe;
- Déanann siad cothabháil ar chlár náisiúnta an uile oibreoir seachadta;
- Déanann siad seiceálacha rialta comhlíonta ar oibreoírí seachadta in Éirinn.

Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe in 2009

Tar éis tabhairt isteach próisis chláraithe don uile oibreoir seachadta in 2008, tugadh ceadúnas don chéad oibreoir seachadta i gCorcaigh i Meán Fómhair 2009. Faoi dheireadh na bliana 2009, chuir 43 oibreoir seachadta an próiseas ceadúnaithe díobh go rathúil agus tá roinnt iarratas ar feitheamh creidiúnú deiridh.

Tugann an Coimisiún ceadúnais faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- Seirbhís éifeachtúil inrochtana áirithe;
- Deimhniú an Chláir Forbartha Scileanna;
- Próiseas gearán i bhfeidhm;
- Soláthar le haghaidh oiliúint foirne;
- Taifid nua tiománaithe agus taifid ar oiliúint foirne;
- Deimhniú Imréitigh Cánach nua;
- Táille cheadúnais €250.

I *dTuarascáil Bhliantúil 2008*, luaigh an Coimisiún go gcuirfidís forbairt faoi Scéim um Dhearbhu Cáilíochta do gach oibreoir SPSV i rith 2009 agus go mbainfí triail as an Scéim trí oibreoírí seachadta. Mar gheall ar réimse tosa, níorbh fhéidir é seo a dhéanamh in 2009 agus cuireadh siar é go dtí go gcuirfeadh athbhreithniú iomlán ar ról na teicneolaíochta san earnáil SPSV i gcrích. Tá nasc cinnteach de dhíth idir an tiománaí agus an fheithicil d'fhonn Scéim um Dhearbhu Cáilíochta a bhunú i gceart don tionscal SPSV. Tá tuilleadh faisnéise le fáil i *Ráiteas Straitéise 2010–2014* agus i *bPlean Gníomhaíochta 2010–2011* de chuid an Choimisiúin.

Clár Oibre maidir le Ceadúnú Oibreoírí Seachadta in 2010

- Leanfaidh an Coimisiún orthu ag riar an phróisis um cheadúnú oibreoírí seachadta;
- Déanfaidh an Coimisiún cothabháil ar chlár náisiúnta na n-oibreoírí seachadta ceadúnaithe;
- Foilseoidh an Coimisiún leagan ar líne de chlár na n-oibreoírí seachadta ceadúnaithe;
- Forbróidh agus cuirfidh an Coimisiún próiseas athnuachana ceadúnas na n-oibreoírí seachadta i bhfeidhm.

Ceadúnú Tiománaithe SPSV

Ról an Choimisiúin

Is iad an Garda Síochána an t-údarás ceadúnúcháin maidir le ceanúnais tiomána SPSV, agus mar sin de, socraíonn siad na coinníollacha um cheadúnú tiománaithe SPSV.

Déanann an Coimisiún, ag comhoibriú go dlúth leis an nGarda Síochána, an méid seo a leanas:

- Déanann siad cothabháil ar chlár náisiúnta na gceadúnas tiomána SPSV;
- Riarann siad an córas náisiúnta sainaitheanta tiománaithe;
- Rarann siad an Clár Forbartha Scileanna le haghaidh tiománaithe SPSV;
- Bailíonn siad na hiarratais ar cheadúnas tiomána agus na táillí athnuachana.

Ó mhí na Bealtaine 2009 i leith, ceanglaítear ar gach iarratasóir nua ar cheadúnas tiomána SPSV Clár Forbartha Scileanna an Choimisiúin a phasáil. Coinníonn agus nuashonraíonn an Coimisiún ábhair an Chláir Forbartha Scileanna agus riarann siad an próiseas náisiúnta tástála.

Bronnann agus athnuann an Garda Síochána gach ceadúnas tiomána SPSV agus tugann siad nuashonruithe don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe i dtaobh na gceadúnas nua agus athnuaithe uile. Nuashonraíonn an Coimisiún an clár náisiúnta tiománaithe SPSV agus eisíonn siad cártaí aitheantais chuig na tiománaithe. Faigheann gach tiománaí dhá chárta aitheantais. Ní mór an cárta is mó den dá chárta a thaispeáint go soiléir ar dheais na feithicle an t-am go léir agus an fheithicil in úsáid mar SPSV. Ní mór don tiománaí SPSV an cárta cliste a iompar an t-am go léir agus é/i i mbun oibre. Tá gnéithe feabhsaithe slándála ag an gcárta cliste a chabhraíonn leis bheith scanta agus fíoraithe ar mhaithe le cúrsaí forfheidhmithe. Is féidir leis an tiománaí é a úsáid, go deimhin, mar aitheantas ar theacht dó/di chuig custaiméir a bhfuil táille réamháirithe aige/aici.

Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe in 2009

Leagtar amach gníomhaíochtaí ceadúnaithe tiománaithe SPSV an Gharda Síochána don bhliain 2009 sa tábla thíos. Bhí méadú iomlán 0.8% ar líon iomlán na gceadúnas tiomána SPSV in 2009.

Limistéir Roinne an Gharda Síochána	Líon na gCeadúnas atá ann faoi Láthair
Ceatharlach	548
An Cabhán	558
An Clár	1,064
Corcaigh	4,637
Dún na nGall	1,433
Baile Átha Cliath	20,619
Gaillimh	2,542
Ciarraí	1,313
Cill Dara	1,412
Cill Chainnigh	515
Laois	795
Liatroim	225
Luimneach	1,666
An Longfort	292
Lú	1,608
Maigh Eo	1,164
An Mhí	1,064
Muineachán	570
Uíbh Fhailí	568
Ros Comáin	288
Sligeach	565
Tiobraid Árann	887
Port Láirge	934
An Iarmhí	773
Loch Garman	761
Cill Mhantáin	421
Iomlán	47,222

Forbairtí Eile

Táille cheadúnas tiomána

Rinne an Coimisiún athbhreithniú iomlán ar an táille cheadúnas tiomána in 2009. Méadaíodh an táille aníos go €250 tráth iarratais ar athnuachan (gach cúig bliana san am i láthair). Cuireann an táille seo costais riaracháin agus chomhlíonta an Choimisiúin agus an Gharda Síochána in iúl. €50 sa bhliain atá i gceist léi agus is ionann í agus níos lú ná 0.5% de chostais bhliantúla oibriúcháin an ghnáth-thiománaí. Tá sí ar chomhréim le táillí dá samhail a ghearrtar i ndlínsí eile an AE.

An Clár Forbartha Scileanna

I mí na Bealtaine 2009, sheol an Coimisiún Clár nua Forbartha Scileanna le haghaidh thionscal na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí. B'éigeantach comhlíonadh an Chláir do gach iarratasóir nua agus oibreoir seachadta ó shin i leith. Is é seo an chéad uair a ullmhíodh agus a tugadh isteach a leithéid de threoir chuimsitheach agus próiseas tástála ar fud na tíre do thiománaithe SPSV in Éirinn.

Cinntíodh creidiúnú rathúil d'iarratasóirí nua go mbeidh siad ullmhaithe go maith le hoibriú ina rogha limistéir gheografaigh agus go mbeidh cur amach acu ar rialacha agus ar rialacháin an tionscail. Cinntíodh críochnú mhír eolais an tionscail sa Chlár do thiománaithe reatha go mbeidh an t-eolas is nua acu faoi fhorbairtí sa tionscal.

Tá an Clár seo ann in áit na tástála eolais a riar an Garda Síochána roimhe seo le haghaidh iarratasóirí nua ar cheadúnas tiomána SPSV. Faoi mar a leagtar amach thuas, lean an Garda Síochána orthu ag bronnadh ceadúnais tiomána SPSV agus ag seiceáil iarratasóirí le cinntiú gur 'daoine ábalta cuí' iad chun SPSVanna a thiomáint. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ag www.spsvtest.ie.

Mar chuid den phróiseas sainchomhairliúcháin agus athbhreithnithe tar éis fhoilsiú an Athbhreithnithe Gheilleagraigh, rinneadh tuilleadh plé ar impleachtaí thabhairt isteach céimnithe an Chláir Forbartha Scileanna i leith tiománaithe reatha.

Ós rud é nach gceanglaítear ar thiománaithe reatha ach tabhairt faoi mhír eolais an tionscail den Tástáil Forbartha Scileanna lena mbaineann pasráta sách ard (64% ag deireadh na bliana 2009), measadh gur chuí an modúl seo a thabhairt chun tosaigh. D'fhonn íomhá dhearfach den tionscal a chur chun cinn agus cinntiú go bhfuil gach tiománaí ar an eolas faoi gach athrú rialála sa tionscal, cinneadh tabhairt isteach an Chláir Forbartha Scileanna a thabhairt chun tosaigh le haghaidh tiománaithe reatha go 2010.

Limistéar feidhme

I rith an phróisis sainchomhairliúcháin in 2009, bhíothas buartha faoi infheictheacht agus éifeachtacht an chárta mhóir maidir le limistéar feidhme tiománaithe a thaispeáint. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag déanamh scrúdaithe ar roinnt roghanna chun seo a fheabhsú níos mó, mar shampla feabhsú dhearadh na gcártaí reatha aitheantais do thiománaithe agus an comhartha dín a úsáid i dteannta chártaí aitheantais na dtiománaithe.

Clár Oibre maidir le Ceadúnú Tiománaithe SPSV in 2010

- Leanfaidh an Coimisiún orthu i mbun nuashonrú agus cothabhála ar chlár náisiúnta na gceadúnas tiomána SPSV;
- Leanfaidh an Coimisiún orthu ag eisiúint cártaí aitheantais tiománaithe SPSV;
- Foilseoidh an Coimisiún leagan ar líne de chlár na dtiománaithe ceadúnaithe SPSV;
- Leanfaidh an Coimisiún orthu ag riar an Chláir Forbartha Scileanna le haghaidh iarratasóirí nua ar cheadúnas tiomána SPSV agus oibreoirí seachadta;
- Seolfaidh an Coimisiún Tástáil Eolais an Tionscail le haghaidh sealbhóirí reatha ceadúnas tiomána SPSV;
- Seolfaidh agus tabharfaidh an Coimisiún isteach cártaí aitheantais tiománaithe a léiríonn go bhfuil Teastas Forbartha Scileanna ag an tiománaí;
- Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar gach rogha dá bhfuil ann d'fhonn taispeántas limistéar feidhme tiománaithe a fheabhsú, lena n-áirítear úsáid na gcomharthaí dín.

Comhlíonadh

Ról an Choimisiúin

Cheap an Coimisiún daoine údaraithe le rialacháin SPSV a fhorfheidhmiú ar fud na tíre.

Áirítear a leanas i measc na ngníomhaíochtaí:

- Seiceálacha réamhghníomhacha agus frithghníomhacha comhlíonta sa tionscal SPSV;
- Imscrúdú ar gach gearán faoi alt 51 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003;
- Feidhmiú córais um pionóis mhuirir sheasta ina bhfuil 22 sárú ann faoi láthair ar oibleagáidí reachtúla;
- Feidhmiú córais náisiúnta gearán a cinntíonn na nithe seo a leanas:
 - déileáil leis an uile ghearán a dhéantar i ndáil leis an tionscal SPSV ar bhealach comhsheasmhach;
 - cinntiú gur féidir oibreoirí a ndéantar gearáin ina leith arís is arís eile a shainaithint gan dua;
 - monatóireacht a dhéanamh ar ghearán custaiméirí de réir chineál agus thoradh an ghearáin ar bhonn ceantair;
- Cur i gcrích dhá chomhoibríocht ar an meán leis an nGarda Síochána gach mí;
- Tionscnamh imeachtaí dlí in aghaidh oibreoirí nach n-íocann pionós muirir sheasta laistigh de 28 lá den dáta eisiúna nó a sháraíonn reachtaíocht nach bhfuil cuimsithe faoin gcóras um pionós muirir sheasta;
- Bailiú agus scaipeadh sonraí staitistice a bhaineann leis an oiread comhlíonta sa tionscal SPSV in Éirinn.

Cuirtear na cumhachtaí céanna a thugtar d'Oifigigh Forfheidhmithe mar 'daoine údaraithe' faoi Acht 2003 ar fáil do bhaill an Gharda Síochána freisin. Is iad an Garda Síochána na comhpháirtithe is suntasaí de chuid an Choimisiúin ó thaobh forfheidhmiú de sa tionscal.

Léargas Ginearálta ar Chomhlíonadh in 2009

In 2009, choinnigh Oifigigh Forfheidhmithe an Choimisiúin orthu lena ról i leith forfheidhmiú náisiúnta; thug siad 118 cuairt ar leith ar láithreacha ar fud na tíre. Ba mhinic a bhí ról forfheidhmithe na foirne le sonrú mar aon leis an oibleagáid reachtúil sna cuairteanna seo le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin custaiméirí, agus nuair ba ghá, freastal ar Chúirteanna Dúiche le fianaise a thabhairt in ionchúisimh. Is é príomhchuspóir an Choimisiúin comhlíonadh rialála a bharrfheabhsú.

Tá seiceálacha comhlíonta ina bpríomhchuid den phróiseas rialála. Is ríthábhachtach iad i leith a leanas:

- Ardchaighdeán a bhaint amach agus a choinneáil go comhsheasmhach;
- Sástacht chustaiméirí a mhéadú a mhéid agus is féidir;
- Cinntiú go bhfuil an seans céanna ag an uile oibreoir bheith ag oibriú; agus
- Soláthar seirbhíse neamhdhleathaí nó faoi bhun caighdeán a chosc.

Tá Oifigigh Forfheidhmithe an Choimisiúin i mbun feidhme ó mhí Iúil 2007 i leith. Déileálann na hOifigigh Forfheidhmithe, le cabhair ón nGarda Síochána, leis an uile ghné de thionscal na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí (SPSV), lena n-áirítear:

- Caighdeán feithicle;
- Ceadúnú feithiclí;
- Ceadúnú tiománaithe;
- Iompraíocht tiománaithe;
- Ceadúnú oibreoirí seachadta;
- Iniúchtaí oibreoirí seachadta;
- Róghearradh táille agus rudaí eile a bhaineann le fruiiliú.

Cé go bhfuil údarás ag Oifigigh Forfheidhmithe an Choimisiúin oibriú go neamhspleách ó ghníomhaireachtaí eile, fuarthas cuidiú Gardaí áitiúla i mbeagnach trian amháin d'oibríochtaí náisiúnta. I dteannta oibríochtaí a thionscain an Coimisiún, thug an Garda Síochána aghaidh ar shé oibríocht ar leith a dhírigh ar SPSVanna (Oibríocht na dTacsaithe) in 2009. Chuir an Coimisiún

pearsanra ar fáil le cuidiú leis na Gardaí i ngach oibríocht. Rinne na hOifigigh Forfheidhmithe idirchaidreamh leis na Gardaí nó chuidigh siad leo gach lá i mBaile Átha Cliath leis an ngá le forfheidhmiú a chur in iúl sa phríomhchathair.

Tá dlúthchaidreamh oibre forbartha ag an gCoimisiún le gníomhaireachtaí eile, ar nós na gCoimisinéirí loncaim, na Roinne Coimirce Sóisialaí agus na hOifige um Rialú Tobac. Chomhoibrigh Oifigigh Forfheidhmithe an Choimisiúin le comhghleacaithe ó na Coimisinéirí loncaim agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí le dul i ngleic leis an réimse iomlán saincheistanna comhlíonta sa tionscal. Ní raibh comhoibríochtaí ar tugadh fúthu ar thaobh an bhóthair ach cuid amháin den idirchaidreamh breise idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe in 2009.

Cosaint Tomhaltóirí

Tá an Coimisiún freagrach as láimhseáil na ngearán seo a leanas ó thomhaltóirí faoi Alt 51 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003:

- Bail agus glaineacht bheagfheithicle seirbhíse poiblí (SPSV);
- Béas agus iompraíocht oibrí nó tiománaí SPSV;
- Róghearradh táille nó rudaí eile a bhaineann le táillí;
- Fruiliú SPSV.

Rinne na hOifigigh Forfheidhmithe fiosrú ar an uile ghearán a rinneadh ó mhí Dheireadh Fómhair 2006 i leith. Bhí ranna aonair an Gharda Síochána ina mbun seo roimhe seo. Ón dáta sin i leith, rinneadh imscrúdú ar 1,840 gearán.


Léargas Ginearálta ar Ghearáin a Fuarthas

Fuair an Coimisiún iomlán de 476 gearán le linn na bliana 2009. Faightear miondealú ar na gearáin a fuarthas de réir catagóire san fhíor trasna.

Déanann Oifigigh Forfheidhmithe an Choimisiúin imscrúdú ar na gearáin agus féadfaidh a leanas tarlú dá thoradh:

- Gan aon ghníomh ar bith eile;
- Comhairle a thabhairt don oibreoir;
- Rabhadh foirmiúil a thabhairt don oibreoir;
- Pionós muirir sheasta a ghearradh ar an oibreoir;
- An t-oibreoir a ionchúiseamh.

Miondealú ar ghearáin in 2009



- Róghearradh táille nó rudaí eile a bhaineann le táillí
- Béas agus iompar oibrí nó tiománaí SPSV
- Cúrsaí a bhaineann le fruiliú SPSV
- Bail agus glaineacht na feithicle

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Malartaítear sonraí idir an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe agus an Roinn Coimirce Sóisialaí le calaois agus mí-úsáid a rialú go docht. Déantar na sonraí uile a mhalartú trí leas a bhaint as modhanna slána agus scríostar sonraí ar bith nach ndéantar imscrúdú orthu.

Meaitseáladh 1,775 éileamh Leasa Shóisialaigh de bharr faisnéise a cuireadh ar fáil faoi thimpeall 24,500 sealbhóir ceadúnais. Cuireadh sonraí faoi mheaitseálacha chuig na háiteanna ábhartha sa Roinn Coimirce Sóisialaí lena n-imscrúdú.

Cuireadh faisnéis ar fáil, leis, faoi thimpeall 1,600 sealbhóir ilcheadúnais agus meaitseáladh 83 éileamh Leasa Shóisialaigh dá dheasca.

Rinneadh coigilteas an-mhór ón ngníomhaíocht; meastar go ndearnadh coigilteas de bhreis ar €1m go nuige seo.

Léargas Ginearálta ar Phionóis Mhuirir Sheasta agus ar Ionchúisimh

Tá an chumhacht ag oifigeach údaraithe de chuid an Choimisiúin pionóis ar an láthair a eisiúint i ndáil le roinnt cionta muirir sheasta faoi Alt 46 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003. Gearrtar pionós €250 ar an láthair má sháraítear cion muirir sheasta. Cuireann an Coimisiún imeachtaí dlí i bhfeidhm sa chás nach n-íoctar an muirear laistigh de 28 lá i ndiadh dháta eisithe an phionóis, agus d'fhéadfadh fineáil chomh mór le €2,000 bheith i gceist in éineacht le híoc na gcostas dlí i leith an té a chúiseofaí. Ghearr an Coimisiún pionóis ar an láthair i ndáil le 401 cion muirir sheasta in 2009. Faightear miondealú ar na pionóis muirir sheasta a eisíodh in 2009 sa tábla ar an gcéad leathanach eile.

Tugtar faoi sheiceálacha comhlíonta ag gach uair i rith an lae, 52 seachtain sa bhliain. Léiríonn sé seo nádúr an tionscail féin. Dírítear ar láithreacha iomráiteacha agus ar fhadhbanna ar leith a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin sna seiceálacha comhlíonta seo.

Tá naisc dhlúthbhunaithe ag an Aonad Forfheidhmithe leis an nGarda Síochána go háitiúil, le cór tráchta an Gharda Síochána agus le Cheanncheathrú an Gharda Síochána. Ag na leibhéil seo uile, rinneadh malartú ar chabhair agus ar fhaisnéis idir an Coimisiún agus an Garda Síochána nuair ba ghá. Tá nasc leanúnach idir na Cigirí PSV de chuid an Gharda Síochána, a riarann an próiseas ceadúnaithe tiománaithe SPSV mar is gnách, agus Oifigigh Forfheidhmithe an Choimisiúin agus is flúirseach an taithí agus an fhaisnéis atá acu, rudaí a bhí ina gcabhair maidir le hoibríochtaí forfheidhmithe.

Tá na cumhachtaí breise atá ag Gardaí i ndáil le cúrsaí trácht bóthair agus le cúrsaí ginearálta coiriúla arna gcomhlánú leis an saineolas atá ag Oifigigh Forfheidhmithe an Choimisiúin i dtaca le reachtaíocht SPSV, le rochtain láithreach ar shonraí tiománaithe agus feithiclí SPSV agus leis an gcumhacht atá acu pionóis mhuirir sheasta a ghearradh as 22 cion aonair i ndáil leis an tionscal SPSV. Ba bhealach éifeachtach na pionóis seo le déileáil le cionta ar thaobh an bhóthair. Níl na Gardaí in ann pionóis ar an láthair a chur i leith duine as na cionta seo faoi láthair agus tá orthu na cionta céanna seo seo a chur de láimh agus an duine a ghairm os comhair Cúirt Dúiche.


Pionóis mhuirir sheasta in 2009

Miondealú ar chionta	Líon a eisíodh
Ag lorg fruilithe in áit eile seachas áit ainmnithe	131
Gan aitheantas tiománaí a bheith ar taispeáint	52
Gan leoreolas a bheith ar an gceantar áitiúil	49
Gan tacsaiméadar a oibriú	42
Gan an tacsaiméadar a bheith calabraithe i gceart	32
Gan faisnéis a bheith ar taispeáint san fheithicil	21
Gan fáltas a chur ar fáil	16
Gan na rialacháin um shuiteáil/oibriú tacsaiméadair a chomhlíonadh	15
Ar suíomh chun fruilithe nó ag lorg fruilithe i bhfruilcharr nó i limisín	14
Gan na riachtanais um chomhartha dín a chomhlíonadh	14
Ag lorg fruiliú in áit ainmnithe nuair nach bhfuil an fheithicil ar fáil le haghaidh fruiliú	4
Diúltú paisinéir a iompar ar aistear nach mó ná 30 ciliméadar	3
Gan diosca dobhearnaithe a bheith ar taispeáint	2
An tacsaiméadar a chur ag siúl agus an tiománaí ag lorg fruilithe nó ar suíomh chun fruilithe	2
Diúltú madra cúnta nó madra treorach a iompar	2
Táille áirithinte a ghearradh	1
Aitheantas brionnaithe a bheith agat	1
Iomlán	401

Cloíonn an mhórchuid den tionscal go hiomlán leis na rialachain SPSV agus cinntíonn seiceálacha comhlíonta an Choimisiúin an méid seo. Bíonn cúpla cás ann, áfach, de neamhchomhlíonadh a dtagtar orthu mar thoradh ar fhiosrú gearán nó ar chuaiirteanna a thabhairt

ar áiteanna ar fud na tíre agus is é ionchúiseamh a bhíonn mar thoradh orthu seo. Thug an Coimisiún faoi 84 ionchúiseamh a bhain le 87 cion sa bhliain 2009. B'ionann oibriú gan ceadúnas feithicle nó gan ceadúnas tiomána SPSV agus timpeall 65% díobh seo.

Miondealú ar na cúiseanna a bhí le hionchúisimh in 2009



Cúiseanna le hionchúisimh

- Gan aon cheadúnas tiomána SPSV (31 chúiseamh)
- Gan aon cheadúnas feithicle SPSV (26 chúiseamh)
- Oibriú gan eolas sásúil ar an gceantar áitiúil (6 chúiseamh)
- Gan aitheantas tiománaí a bheith ar taispeáint (6 chúiseamh)
- Gan tacsaiméadar a oibriú agus an fheithicil ar fruilíú (4 chúiseamh)
- Róghearradh táillí (3 chúiseamh)
- Ag lorg fruilithe in áit eile seachas áit ainmnithe (2 chúiseamh)
- Fruilcharr ar suíomh chun fruilithe (2 chúiseamh)
- Gan sainriachtanais fáltais a chomhlíonadh (2 chúiseamh)
- Gan caitheamh ar bhealach sibhialta (1 chúiseamh)
- Faisnéis bhréige a thabhairt d'oifigeach (1 chúiseamh)
- Tiomáint gan comhartha dín (1 chúiseamh)
- Gan dioscaí dobhearnaithe bheith greamaithe den fheithicil (1 chúiseamh)
- Gan riachtanas custaiméara a chomhlíonadh (1 chúiseamh)

Miondealú ar ionchúisimh de réir ceantair in 2009

Ceantar	Ionchúisimh in 2009
Ceatharlach	1
An Cabhán	3
An Clár	1
Corcaigh	7
Dún na nGall	3
Baile Átha Cliath – Aerfort Bhaile Átha Cliath: 5	39
Gaillimh	1
Ciarraí	2
Cill Dara	2
Cill Chainnigh	1
Laois	1
Liatroim	0
Luimneach	5
An Longfort	0
Lú	8
Maigh Eo	1
An Mhí	1
Muineachán	4
Uíbh Fhailí	0
Ros Comáin	0
Sligeach	0
Tiobraid Árann	1
Port Láirge	0
An Iarmhí	1
Loch Garman	2
Cill Mhantáin	0
Iomlán	84

Faightear léargas ginearálta ar líon na ngearán, na bpionós muirir sheasta agus na n-ionchúiseamh idir 2007 agus 2009 sa tábla trasna. Taifeadann bunachar sonraí an Choimisiúin faoi thiománaithe SPSV sonraí i leith sáruithe cruthaithe rialacháin. Seo é an chéad taisce láraithe de thaifid dá samhail sa tionscal. Tá teacht ag an uile Gharda údaráithe ar an acmhainn thábhachtach seo freisin.

Tá laghdú tagtha ar an líon gearán a fuair an Coimisiún ó thomhaltóirí i gcomparáid le 2007 agus 2008. Is dea-chomhartha é seo i dtaca leis an tionscal agus is a bhuíochas leis an ardchaighdeán seirbhíse a chuireann oibreoirí SPSV ar fáil an méid seo.

D'fhreastail Oifigigh Forfheidhmithe an Choimisiúin ar roinnt stáisiún an Gharda Síochána le léiriúcháin oiliúna a chur i láthair faoi rialacháin agus forfheidhmiú SPSV. Sa ráithe dheireanach de 2009, chuir an Coimisiún sainleabhrán an Gharda Síochána faoi fhorfheidhmiú sa tionscal i dtoll a chéile agus scaipeadh é ar oifigigh an Gharda Síochána.

Léargas ginearálta ar líon na ngearán, na bpionós muirir sheasta agus na n-ionchúiseamh in 2007, 2008 agus 2009

Bliain	Gearáin	Pionóis muirir sheasta	Ionchúisimh
2007	763	56*	16**
2008	601	258	106
2009	476	401	84

*Chuir an Coimisiún tús le gearradh pionós muirir sheasta i mí na Samhna 2007

**Chuir an Coimisiún tús le hionchúisimh i mí Iúil 2007

Forbairtí Dlí

I dteannta na n-ionchúiseamh a rinneadh in 2009, thug an tAonad Dlí roinnt rialachán isteach in 2009, leis. Seo a leanas iad:

- **I.R. Uimh. 166 de 2009**
Rialacháin an Achta Um Rialú Tacsaithe, 2003 (Clár Forbartha Scileanna Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí agus Táille Cheadúnas Tiomána) 2009
- **I.R. Uimh. 472 de 2009**
Rialacháin an Achta um Rialáil Tacsaithe, 2003 (Ceadúnú Oibreoirí Seachadta) 2009

Clár Oibre maidir le Comhlíonadh in 2010

- Leanfaidh an Coimisiún orthu agus seiceálacha comhlíonta a reachtáil i rith 2010 mar fhreagairt ar ghearáin agus ar thuarascálacha a fuarthas ar shárú. Cothóidh siad cumhdach náisiúnta do chuariteanna agus d'iniúchtaí réigiúnacha;
- Tabharfaidh an Coimisiún faoi sheiceálacha iniúchta um chomhlíonadh rialachán i ndáil le réimsí tábhachtacha ar nós feidhmiú feithiclí SPSV ag oibreoirí údaraithe agus soláthar seirbhísí tosaíochta do dhaoine faoi mhíchumas ag oibreoirí tacsaithe atá oiriúnach do chathaoirí rothaí;
- Ina theannta sin, tabharfaidh an Coimisiún faoi comhoibríochtaí agus roinnt faisnéise le gníomhaireachtaí eile forfheidhmithe de réir a sainchúraim reachtúil agus a n-oibleagáidí i leith cosaint sonraí;
- I ndáil le ceisteanna dlí, leanfaidh an Coimisiún orthu agus forfheidhmiú ina thosaíocht i rith 2010 trí eisiúint pionós muirir sheasta agus trí dhaoine a ionchúiseamh, de réir mar is cuí. Chuige seo, is é breisiú comhlíonta agus cur chun cinn mhuinín na dtomhaltóirí ár gcuspóir;
- I ndáil leis an riachtanas nua oibreoirí seachadta a cheadúnú, tá Foireann Forfheidhmithe an Choimisiúin i mbun athbhreithniú ar chúrsaí comhlíonta san earnáil seo. Tá sé de mhian ag an gCoimisiún comhlíonadh a chur chun cinn trí fhaisnéis a thabhairt don tionscal, trí fheasacht tomhaltóirí a chur chun cinn agus trí fhorfheidhmiú. Tá roinnt ionchúiseamh ar feitheamh i ndáil le hoibreoirí seachadta neamhchomhlíontacha.

Bailiú sonraí agus soláthar faisnéise

Ról an Choimisiúin

Tugann an Coimisiún faoi na cúraimí seo a leanas:

- Déanann siad anrud taighde ar an tionscal SPSV;
- Foilsíonn siad nótaí faisnéise, nuachtlitreacha, tuarascálacha, cáipéisí sainchomhairliúcháin, teoracha do chustaiméirí agus cinntí. Chomh maith leis sin:
 - Cuireann siad an uile fhoilseachán ar fáil i bhformáidí eile;
 - Eisiúnn siad ábhar mínitheach agus treoirlinnte de réir mar is cuí le cinntí nó le tuarascálacha a chomhlánú;
- Cuireann siad seoladh ríomhphoist um cheisteanna ginearálta ar fáil (commission@taxiregulator.ie) don phobal mór agus dá gcustaiméirí a bhfuil ceisteanna ginearálta acu;
- Tionólaíonn siad cruinnithe rialta le páirtithe leasmhara go náisiúnta agus go réigiúnach;
- Cuireann siad feachtas níos fearr ar na rialacháin, ar na riachtanais agus ar theidíochtaí paisinéirí, tiománaithe agus oibreoirí chun cinn trí fheachtais feachtas poiblí agus tríd an oifig faisnéise;
- Soláthraíonn siad faisnéis don tionscal, do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara faoinár gcuid feidhmeanna agus gníomhaíochtaí uile trínár láithreán gréasáin.

Soláthar Faisnéise in 2009

D'fhoilsigh an Coimisiún roinnt cáipéisí i rith 2009 mar chuid dá dtiomantas leanúnach don uile pháirtí leasmhar a choimeád ar an eolas agus cothrom le dáta agus do dhéanamh taighde i rith an ama ar an tionscal agus ar thionchair an chórais rialála. Ina measc bhí siad seo a leanas;

- Clár na dTacsaithe atá Oiriúnach do Chathaoir Rothaí;
- An Lámhleabhar Oifigiúil um Fheidhmiú sa Tionscal SPSV;
- Athbhreithniú Geilleagrach ar an Tionscal SPSV (2009);
- Páipéar Sainchomhairliúcháin Phoiblí Uimhir 6 faoi Athbhreithniú Geilleagrach Goodbody;
- Feabhas Cáilíochta a Chur chun Cinn sa Tionscal SPSV, 2009;
- Nuachtlitir an Tionscail, Eagrán 10–12;
- Nuachtlitir Oibreoirí Seachadta, Eagrán 2;
- Inrochtaineacht ar Sheirbhísí SPSV a Fheabhsú (2009, RIA);
- Nuálaíocht agus Teicneolaíocht Feithiclí (2009, RIA);
- Cumarsáid agus Soláthar Sonraí (2009, RIA);
- Nósanna Imeachta agus Coinníollacha Ceadúnaithe (2009, RIA);
- Bileoga Tionscail agus Faisnéise do Thomhaltóirí.

Bhí cruinnithe le páirtithe leasmhara ar siúl go minic freisin, go háitiúil agus go réigiúnach, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Cruinnithe rialta le hionadaithe náisiúnta agus réigiúnacha an tionscail i gcaitheamh na bliana;
- Cruinnithe le hionadaithe daoine faoi mhíchumas;
- Cruinnithe le páirtithe leasmhara eile faoi ábhair a bhain le beartais, lena n-áirítear:
 - An Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún;
 - An Garda Síochána;
 - An Coimisiún Cosanta Sonraí;
 - An tSeirbhís Mhéadreaíochta DLí;
 - An tÚdarás Náisiúnta Míchumais;
 - Suirbhéireacht Ordanáis Éireann;
 - Na Coimisinéirí Ioncaim;
 - An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre;
 - An Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí;
 - An tÚdarás Iomaíochta;
 - Fáilte Éireann;
 - An Roinn Coimirce Sóisialaí;
- Idirchaidreamh le húdaráis áitiúla faoi sholáthar stadanna tacsaithe;
- Coimirthe faoin gcóras rialála don tionscal chuig Coiste Iompair an Oireachtais;
- Idirchaidreamh leis an nGarda Síochána faoi chomhoibríochtaí forfheidhmithe agus faoi cheadúnú tiománaithe;
- Idirchaidreamh leis an gComhairle Chomhairleach don Choimisiún.

Línte Gutháin Faisnéise

Tá dhá líne ar leith ghutháin faisnéise fós á bhfeidhmiú ag an gCoimisiún – ceann amháin le haghaidh thomhaltóirí agus ceann le haghaidh cúrsaí tionscail.

Tá an líne faisnéise do thomhaltóirí – **1890 60 60 90** – a bhíonn i mbun feidhme ó 9am–6pm Luan go hAoine, ar fáil d’úsáideoirí ar fad an tionscail SPSV agus cuireann sí faisnéis ar fáil ar gach gné den tseirbhís. Seirbhís gach gnó í seo don uile thomhaltóir. Is í seo an chéad phointe teagmhála freisin do chustaiméirí ar mian leo gearán a dhéanamh. Is féidir le custaiméirí dul i dteagmháil leis an uimhir seo leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil a mholadh.

Cuireadh thart faoi 7,800 glao ar an líne faisnéise do thomhaltóirí i rith 2009, nó 150 glao in aghaidh na seachtaine ar an meán. Ar na hábhair a clúdaíodh sna glaonna seo bhí nósanna imeachta um maoín ar iarraidh, faisnéis faoi tháillí agus faoi chaighdeáin feithicle, alt 51 agus fiosrúcháin i leith gearáin choiriúla.


Is seirbhís chomh tábhachtach céanna í líne faisnéise an tionscail – **1890 347 347** – agus cuireann sí modh ar fáil do mhuintir an tionscail faisnéis a fháil maidir le leasuithe reatha sa tionscal.

Cuireadh thart faoi 54,000 glao ar an tseirbhís seo le linn na bliana 2009. Bhain na glaonna seo le réimse ceisteanna lenar bhain tiománaithe SPSV agus an tionscal, lenar áiríodh ceadúnú tiománaithe agus feithiclí, caighdeáin feithicle agus an Clár Forbartha Scileanna.


Scaipeadh de bhreis ar 13,000 cáipéis mar fhreagairt ar iarrais ó na línte faisnéise.

Léirítear na cúig chatagóir fiosrúcháin ba choitianta ar déileáladh leo i ngach líne faisnéise sna cairteacha a leanas.

Líne faisnéise do thomhaltóirí – glaonna de réir nádúr an ghlao in 2009



Líne faisnéise tionscail – glaonna de réir nádúr an ghlaio in 2009



Treoirínte Pleanála maidir le Stadanna Tacsaithe

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar sholáthar stadanna tacsaithe go náisiúnta san am i láthair; táthar ag súil le cur i gcrích na dtorthaí agus na dtreoirínte ábhartha in 2010. Tá na cúig chéim seo a leanas sa tionscadal:

- 1 Sainchomhairliúchán le Comhairlí Contae agus Baile le tuiscint dhomhain a fháil ar an staid reatha maidir le soláthar stadanna tacsaithe;
- 2 Forbairt na samhla tacsaithe ag stad agus dréacht-treoirínte;
- 3 Sainchomhairliúchán le hionadaithe bhaill an tionscail SPSV, le Comhairlí Contae agus Baile agus le páirtithe leasmhara eile le tuilleadh tuairimí a nochtadh agus le haiseolas a fháil i leith na samhla tacsaithe ag stad agus dréacht-treoirínte;
- 4 Athbhreithniú agus cur i bhfeidhm na samhla go láithreacha cás-staidéir; agus
- 5 Cur le chéile na dtreoirínte deiridh.

Tugtar faoin athbhreithniú náisiúnta ar stadanna tacsaithe i dteannta sainchomhairliúchán rialta le húdaráis áitiúla agus deich gcás-staidéar ghrinne; léiríonn gach ceann acu cineál ar leith patrún lonnaíochta/úsáide as tacsaithe.

Tá an obair seo ag cur eolais ar fáil i leith forbairt treoirínte a bhaineann le soláthar stadanna tacsaithe, lena ndearadh agus lena n-úsáid in Éirinn. Cuirfidh an Coimisiún na treoirínte seo ar fáil in 2010 le cuidiú le húdaráis áitiúla le cur i bhfeidhm oiriúnach stadanna. Sa mhullach air sin, baineadh leas as dea-chleachtas idirnáisiúnta i ndáil le soláthar stadanna tacsaithe agus le forbairt treoirínte pleanála maidir le stadanna tacsaithe i ngach céim den athbhreithniú.

Beidh modheolaíocht sna treoirínte le haghaidh údarais áitiúla le héileamh ar thacsaithe agus ar stadanna tacsaithe a thuair, le measúnú a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le hinfheistíocht i stadanna tacsaithe, cur san áireamh tairbhí sóisialta (lena n-áirítear sár-iarrachtaí i leith inrochtaineachta níos fearr ar chóras comhtháite iompair phoiblí) agus éileamh ar úsáidí eile as an spás ar bhóithre, agus le measúnú a dhéanamh

ar líon barrmhaith agus ar láthair stadanna tacsaithe ina limistéar feidhme. Ina theannta sin, leagfar dea-chleachtas amach iontu maidir le dearadh agus le tógáil stadanna tacsaithe, le béim ar leith ar dhea-chleachtas i ndáil le hinrochtaineacht.

Comhfheachtas Fógraíochta in éineacht leis an RSA

Lean an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar aghaidh lena gcomhghníomhaíocht leis an tionscal agus tiomáint fhreagrach a chur chun cinn ag baill den tionscal in 2009. Reáchtáladh comhfheachtas a díriodh ar bhaill de thionscal na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí i mí Dheireadh Fómhair le béim a leagan ar an gcontúirt a bhaineann le tuirse tiománaithe, meabhrú do thiománaithe SPSVanna na rioscaí a bhaineann le tiomáint agus iad tuirseach, agus a gcuid oibleagáidí dlí i ndáil leis an oiread uaireanta a thiomáineann siad.

Leanadh de chomhfheachtas an dá ghníomhaireacht in 2009 le húsáid SPSVanna ceadúnaithe a chur chun cinn um Nollaig.

Clár Oibre maidir le Bailiú Sonraí agus Soláthar Faisnéise in 2010

Tabharfaidh an Coimisiún faoi na céimeanna seo a leanas:

- Ullmhóidh agus foilseoidh siad Ráiteas Straitéise 2010–2014;
- Ullmhóidh agus foilseoidh siad Plean Gníomhaíochta 2010–2011;
- Foilseoidh siad Treoirínte Pleanála maidir le Stadanna Tacsáí;
- Tabharfaidh siad nuashonruithe rialta ábhartha do bhaill an tionscail faoi thabhairt isteach an chórais nua um cheadúnú feithiclí i rith 2010;
- Tabharfaidh siad nuashonruithe rialta ábhartha do bhaill an tionscail faoin bplean i leith chur i bhfeidhm na gcoinníollacha nua um cheadúnú feithiclí faoi mar a leagtar amach in *Feabhas Cáilíochta a Chur chun Cinn sa Tionscal SPSV*;
- Tabharfaidh siad faoi shuirbhéanna rialta ar thuairimí custaiméirí faoi sheirbhísí SPSV in Éirinn i rith 2010;
- Leanfaidh siad ar aghaidh den idirchaidreamh rialta le príomhpháirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh den tionscal le cinntiú go malartaítear faisnéis ar bhealach cuí;
- Leanfaidh siad orthu agus úsáid SPSVanna comhlíontacha a chur chun cinn trí fheachtais na meán agus trí thionscnaimh eile feasachta;
- Tabharfaidh siad tús áite do nuashonruithe rialta faisnéise trí nuachtlitreacha an tionscail agus trí fheachtais eile faisnéise i gcaitheamh na bliana;
- Déanfaidh siad cinnte go ndéanfar dóthain plé ar na riachtanais sonraí agus faisnéise uile roimh, i rith agus tar éis an Athbhreithnithe ar an Uastáille do Thacsaithe 2010.

Feidhmeanna Ginearálta, Dlí agus Riaracháin

Struchtúr an Choimisiúin

Is é seo a leanas struchtúr foirne an Choimisiúin amhail mí na Nollag 2009:

AN COIMISINÉIR

Kathleen Doyle

LUCHT BAINISTÍOCHTA

Jill Barry Stiúrthóir Beartas agus Oibríochtaí

Mary Johnson Stiúrthóir Gnóthaí Dlí

Berit Keyes Ceannasaí Tionscadal agus Pleanála

Eddie Fullerton Ceannasaí Forfheidhmithe

Jennifer Gilna Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha

AN FHOIREANN

Sonia McIntyre Cúntóir Pearsanta an Choimisinéara

Guido Cozzi Oifigeach Faisnéise

Michelle Cosgrove Feidhmeannach Seirbhísí Custaiméirí

Tom Banning Feidhmeannach Seirbhísí Custaiméirí

Emer Goggins Feidhmeannach Forfheidhmithe

Anne Wilson Riarthóir Forfheidhmithe

Adam Doherty Oifigeach Forfheidhmithe

Barry O'Meara Oifigeach Forfheidhmithe

Liam Kavanagh Oifigeach Forfheidhmithe

Tom Barry Oifigeach Forfheidhmithe

Joe Kineen Oifigeach Forfheidhmithe

Noel McNally Oifigeach Forfheidhmithe

Stephen Ryan Oifigeach Forfheidhmithe

Anthony Carey Oifigeach Forfheidhmithe

Martin Bates Oifigeach Forfheidhmithe

Neill Anderson Comhairleoir Teicniúil

Trédhearcacht agus Freagracht

Tá an Coimisiún tiomanta d'fheidhmiú ar bhealach cóir trédhearcach freagrach éifeachtach. Ceanglaíonn an tAcht um Rialáil Tacsaithe ar an gCoimisiún próiseas sainchomhairliúcháin a chur ar bun i ndáil le gach cinneadh tábhachtach agus cuireann sé dianriachtanais um fhoilsiú i bhfeidhm. Cuireann cinntí an Choimisiúin an dearcadh san áireamh a bhaineann leis an tionscal agus leis an tomhaltóir, chomh maith le barúlacha gníomhaireachtaí eile ar nós na nGardaí, údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile de réir mar is cuí, mar aon le comhairle ó bhaill na Comhairle Comhairlí. Déantar measúnuithe ar thionchar rialála freisin, mar chuid den phróiseas déanta cinntí i bpríomhréimsí.

Is éard atá i gCuid 4 den Acht um Rialáil Tacsaithe sraith nuálaíoch forálacha atá ina mbunús le Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún a bhfuil ról comhairleach acu. Cinntíonn sé seo go ndéantar idir mhachnamh agus phlé ar thuairimí na ndaoine lena mbaineann sula ndéanann an Coimisiún cinntí – nós a chuireann le feabhsú freagrachta.

Is é príomhról na Comhairle Comhairlí comhairle a thabhairt don Choimisiún agus don Aire Iompair, de réir mar is cuí, i ndáil leis na saincheistanna is ábhartha do bheagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a gcuid tiománaithe.

Is é cathaoirleach agus 17 ngnáthbhall atá ar an gComhairle, arna gceapadh ar feadh tréimhse thrí bliana, ag feidhmiú thar ceann iad seo a leanas:

- An tionscal tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní;
- Údaráis áitiúla;
- An Garda Síochána;
- Ionadaithe daoine faoi mhíchumas;
- Leasanna tomhaltóirí, turasóireachta agus gnó; agus
- Earnálacha ábhartha eile, de réir mar is gá faoin Acht.

Bhí ról tábhachtach ag an gComhairle Chomhairleach maidir le comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún le linn 2009. Chinntigh an réimse leathan tuairimí agus saineolais go gcuireann na barúlacha agus an chomhairle leasanna gach geallsealbhóra in iúl.

Le linn na bliana, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach i leith *Athbhreithniú Geilleagraich ar an Tionscal SPSV*, an próiseas athbhreithnithe tar éis fhoilsiú an Athbhreithnithe Gheilleagraigh, na hathchóirithe a beartaíodh i rith agus ag deireadh an phróisis athbhreithnithe sin, an Clár Forbartha Scileanna agus an córas nua um cheadúnú feithiclí atá le cur i bhfeidhm in 2010.

Feic Aguisín 2 le haghaidh liosta iomlán de bhaill na Comhairle Comhairlí.

Tá achomharc substainteach san áireamh in Alt 35 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003 go dtí an chúirt i ndáil le diúltú ceadúnais SPSV a dheonú agus leis an gcinneadh ceadúnas SPSV a chur ar fionraí nó a chúlghairm. Tá feidhmiú a gcumhachtaí reachtúla ag an gCoimisiún inchúisithe ag bunreiteach athreithnithe bhreithiúnaigh. Tá an Coimisiún faoi réir seiceálacha agus cothromaíochtaí caighdeánacha, freagraíonn siad don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus beidh an Coimisiún freagrach as a bhfeidhmeanna i ndáil le Coistí de Theach amháin nó de dhá Theach an Oireachtais. Tá na cumhachtaí a bheirtear don Choimisiún faoi Acht 2003 iomchuí do chomhlacht rialála.

Tá an Coimisiún thar a bheith feasach ar an tábhacht a bhaineann le déanamh cothrom cinntí. Tá an próiseas déanta cinntí cothromaithe ar phrionsabail um rialáil níos fearr – riachtanas, éifeachtacht, comhréireacht, freagracht, trédhearcacht agus comhsheasmhacht.

Comhlíonann an Coimisiún an cód rialachais le haghaidh comhlachtaí leathstáit ina iomláine, agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu gach bliain.

Infheistíocht sa Tionscal

Tá an Coimisiún tiomanta do thacú leis an tionscal, agus an méid seo á dhéanamh acu, leanfaidh siad orthu ag infheistiú táillí ceadúnais in athuair sa tionscal ar roinnt bealaí. Leanfaidh an Coimisiún orthu in 2010 agus na nithe seo a leanas á gcur ar fáil acu don tionscal:

- Feachtas leanúnach um fheasacht an phobail d'fhonn úsáid SPSVanna ceadúnaithe a chur chun cinn ar an teilifís, ar an raidió agus i nuachtáin go

náisiúnta agus go háitiúil, agus ina theannta sin, fógraíocht in irisleabhair tionscail le spreagadh leanúnach éilimh tomhaltóirí a chinntiú;

- Faisnéis do chustaiméirí san fheithicil á cur ar fáil do gach SPSV lena n-áirítear sonraí i dtaobh táillí agus ceart, chomh maith le freagrachtaí paisinéirí agus tiománaithe;
- Dioscaí dobhearnaithe ceadúnais greamaithe de gach SPSV a chinntíonn sainaithint feithiclí ceadúnaithe ag tomhaltóirí;
- Aitheantas comhsheasmhach náisiúnta tiománaithe le bheith ar taispeáint ar an deais, chomh maith le cártaí cliste aitheantais tiománaithe arna gcur ar fáil don uile thiománaí. Feabhsóidh sé seo gairmiúlacht an tiománaí trí aitheantas lena mbaineann gnéithe slándála a chur ar fáil. Ina theannta sin, cuirfidh siad le muinín tomhaltóirí as tiománaithe ceadúnaithe;
- Nuachtlitir rialta arna dáileadh ar gach oibreoir SPSV a chuireann sonraí ar fáil i dtaobh chlár oibre an Choimisiúin, dul chun cinn, athruithe ar an tionscal ó thaobh nualeasuithe, agus ceisteanna agus freagraí;
- Láithreán gréasáin an Choimisiúin ag a bhfuil cuid atá dírithe ar an tionscal agus cuid ina bhfuil foilseacháin ar féidir iad a íoslódáil;
- Líne thiomnaithe ghutháin an tionscail;
- Treoir thionscail;
- Ábhar an Chláir Forbartha Scileanna.

Soláthar Foirne an Choimisiúin

Faoi Alt 18 den Acht um Rialáil Tacsaithe, féadfaidh an Coimisiún an líon foirne, an grádú, an luach saothair mar aon le coinníollacha eile seirbhíse a shocrú le toiliú an Aire Iompair agus an Aire Airgeadais a fháil. Tá iarratas curtha isteach ag an gCoimisiún chuig an Aire le haghaidh tuilleadh foirne ó 2007 inar leagadh amach riachtanais an Choimisiúin go soiléir lena n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, go háirithe i ndáil le haistriú riar ceadúnú tiománaithe ón nGarda Síochána go dtí an Coimisiún, agus oifigigh bhreise údaraithe le lán-chomhlíonadh rialachán a chinntiú. Níor deonaíodh aon bhaill bhreise foirne don Choimisiún leis na hoibleagáidí seo a chomhlíonadh go dtí seo.

Sainchomhairleoirí Seachtracha

Lean an Coimisiún orthu lena mbeartas um sheachfhoinsiú feidhmeanna áirithe riaracháin lenar bhain caidreamh leis na meáin, bainistiú teagmhálaithe, cothabháil an chórais TF agus párolla. D'iarr siad ar shainchomhairleoirí, freisin, sainchomhairle agus acmhainní breise a chur ar fáil mar lámh chúnta i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- An próiseas athbhreithnithe tar éis fhoilsiú an Athbhreithnithe Gheilleagraigh;
- Forbairt na dtreoirilínte pleanála maidir le stadanna tacsáí;
- Forbairt measúnuithe ar thionchar rialála.

Ar deireadh, choinnigh an Coimisiún na seirbhísí de chuid abhcóide sheachtraigh dlí i dtaca le hionchúisimh a d'eascair ó ghníomhaíochtaí na foirne forfheidhmithe. Soláthraítear na seirbhísí seo trí úsáid a bhaint as beartais soláthair phoiblí agus ar bhonn riachtanais agus luacha ar airgead.

Ionchorprú san Údarás Iompair Náisiúnta (NTA)

Foláiltear díscaoileadh an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe agus aistriú a gcuid feidhmeanna san NTA i gCuid 4 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009. Amhail mí Iúil 2010, ní dhearnadh cinneadh ar an dáta díscaoilte ná aistrithe fós mar a fhoráiltear faoi Alt 31 den Acht.

Chuir an Coimisiún tús leis an bpleanáil faoi choinne aistriú a gcuid feidhmeanna san NTA agus tá siad ag glacadh páirte i gcomhghrúpa oibre leis an NTA leis an méid sin a chur chun cinn.

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

Clár Ábhar	Leathanach
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	36
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin	38
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	39
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	40
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	42
Clár Comhardaithe	43
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	44
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	45

Faisnéis Ghinearálta

Ceannoifig

An Coimisiún
um Rialáil Tacsaithe
35 Cearnóg Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2

Guthán 01 659 3800

Facs 01 659 3801

commission@taxiregulator.ie

An Coimisinéir
Kathleen Doyle

**Stiúrthóir Beartas
agus Oibríochtaí**
Jill Barry

Príomh-Bhaincéirí

Banc-Aontas Éireann
100/101 Sráid Grafton
Baile Átha Cliath 2

Iniúcháir

An tArd-Reachtaire
Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Aturnae

Mary Johnson
Stiúrthóir Gnóthaí Dí
An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe
35 Cearnóg Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2

Cuntasóirí

Tribal Consulting
25 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig faoi Alt 29 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003.

Is é atá le fáil sna cuntais airgeadais, a réitíodh de réir na mbeartas cuntasaochta an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaochta, an Cuntas loncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí bainteacha.

Freagrachtaí an Choimisiúin agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an an Coimisiún freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an Achte um Rialáil Tacsaithe 2003, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Cuireann an Coimisiún na ráitis airgeadais i dtoll a chéile de réir Cleachtas Cuntasaochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaochta an Choimisiúin leagtha amach sa Ráiteas um Chúraimí an Choimisiúin.

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas cuí rialaithe agus dlíthiúil agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire).

Tugaim mo thuairim i dtuairisc maidir le cibé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir Cleachtas Cuntasaochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn. Tuairiscím chomh maith cibé acu, i mo thuairim, an bhfuil nó nach bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád. Sa bhreis air sin, sonraím cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc do na húdaráis rialaithe d'aon chás ábhartha inar caitheadh airgead ar fheidhmeanna eile seachas na feidhmeanna beartaithe nó d'aon chás nach bhfuil idirbhearta i gcomhréir leis na cuntais.

Ina theannta sin, déanaim tuairisc ar chásanna nach raibh fáil agam ar an bhfaisnéis agus ar na míniúcháin uile a theastaigh ó chuspóirí m'iniúchta.

Déanaim athbhreithniú ar cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Choimisiúin an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus déanaim tuairisc ar aon chás ábhartha nach gcomhlíontar an Cód seo, nó más ann d'fhaisnéis mhithreorach nó d'fhaisnéis atá neamhréireach le faisnéis eile a thug mé faoi deara le linn m'iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl orm breithniú a dhéanamh ar cibé acu an gcuimsíonn nó nach gcuimsíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus an rialú uile airgeadais, ná le tuairim a bheith agam ar éifeachtúlacht na nósanna imeachta rialaithe agus rioscaí.

Léim faisnéis eile a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil, agus déanaim breithniú ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais a ndearnadh iniúchadh orthu. Déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán do mo thuarascáil dá mbeinn eolach ar aon mhí-ráiteas léir nó ar aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais.

Bonn na Tuairime Iniúchta

I bhfeidhmiú na feidhme atá agam mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibríocht. Is éard a chuimsítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna, le nochtadh agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá cuimsithe sna ráitis airgeadais. Áirítear, leis, measúnú ar na mórmheastacháin agus ar na breithiúnais a rinneadh tráth chur le chéile na ráiteas airgeadais, agus ar cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaochta ó thaobh chúinsí an Choimisiúin de, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochtaithe go cuí.

Phleanáil agus thug mé faoi m'iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a shíl mé a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach ann do mhí-ráiteas ábhartha, bíodh calaois nó

neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus mo thuairim á déanamh agam, rinne mé measúnú ar leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is í mo thuairim í, go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2009 agus ar a n-ioncam agus a gcaiteachas don bhliain a chríochnaigh an tráth céanna.

Is í mo thuairim í, gur choimeád an Coimisiún leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.



Andrew Harkness

**Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

An 16 Samhain 2010

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin


Ní foláir don Choimisiún faoi Alt 29 (1) den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003 gach cuntas cuí agus gnách i leith gach airgead a fuarthas nó a caitheadh, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus an clár comhardaithe, a choinneáil i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair le toiliú an Aire Airgeadais.

Ní mór don Choimisiún, in ullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar réasúnach críonna iad;
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeán infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura míchuí chun a thiomhdiú go leanfaidh an Coimisiún i mbun gnó.

Is é an Coimisiún atá freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta am ar bith a staid airgeadais, agus chun a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2003. Tá freagracht ar an gCoimisiún chomh maith as a sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Thar ceann an Choimisiúin:



Kathleen Doyle

An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Ar son an Choimisiún um Rialáil Tacsaithe, admhaím ár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á úsáid againn.

Ó bunaíodh é i Meán Fómhair 2004, tá céimeanna tógtha ag an gCoimisiún chun córas cuí a fhorbairt, a chuirfidh ar fáil nuair atá sé críochnaithe, dearbhú maith, ach ní iomlán, go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta ceadaithe agus taifeadta i gceart, agus go gcuirtear cosc ar bhotúin nó ar mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tapa. Sa bhliain atá i gceist, 2009, rinneadh bearta tábhachtacha leis an gcuspóir iomlán seo a bhaint amach. Áiríodh sna céimeanna seo:

- Athbhreithniú leanúnach ar na bearta a leagadh amach le sócmhainní a chosaint agus le monatóireacht ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta a dhéanamh;
- Athbhreithniú ar struchtúir um rialú corparáideach a cruthaíodh d'fhonn freagracht a éascú in uile earnáil na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an gCoimisiún, lena n-áirítear measúnú riosca gnó foirmiúil, pleanáil theagmhasach agus meicníochtaí ar nós measúnú tionchar rialála agus comhairliúchán leathan le geallsealbhóirí, chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Na rioscaí i leith an Choimisiúin a shainaithint agus a chatagóiriú, d'fhonn leibhéil inghlactha riosca i leith na rioscaí sin a sainaithníodh a dhéanamh amach;
- Dealraitheacht agus tionchar tarlúint na rioscaí aitheanta a mheas agus clár chun na rioscaí sin a bhainistiú a thosú;
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus geallsealbhóirí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna an Choimisiúin agus tacaíocht le haghaidh straitéisí an Choimisiúin chun na spriocanna seo a bhaint amach.


Leanann an Coimisiún ar aghaidh le hathbhreithniú ar thacaíocht foirne agus chórais atá riachtanach le córas láidir rialaithe inmheánaigh airgeadais a sholáthar, lena ngníomhaíochtaí rialála, ceadúnais agus forfheidhmithe mar atá liostaithe ina Ráiteas Straitéise agus ina bPlean Gníomhaíochta reatha. Le linn na tréimhse seo tá próisis á gcur i bhfeidhm le tacaíocht a thabhairt do chreatlach d'eolas rialta bainistíochta, modhanna oibre riaracháin, ina measc leithscaradh freagrachtaí, agus córas tarmलगin agus freagrachta.

Treoraíonn anailís ar na rioscaí a bhfuil an Coimisiún nochtaithe dóibh obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaítear na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís seo. Léirigh gníomhaíochtaí um iniúchadh inmheánach staid forbartha an Choimisiúin in 2009, agus dhírigh siad ar athbhreithniú a dhéanamh ar rialú airgeadais agus ar thacú leis na próisis riaracháin a chuir an Coimisiún i bhfeidhm i rith na bliana.

Cuirtear faisnéis ar fáil do mhonatóireacht, d'athbhreithniú agus d'fhorbairt an Choimisiúin ar chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais trí obair a dhéanann an t-iniúchóir inmheánach, na bainisteoirí sa Choimisiún atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, agus ráitis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Níl ach ball amháin sa Choimisiún, de réir mar a fhoráiltear le hAlt 13(1) den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003. Coinníodh an córas sin faoi athbhreithniú ag an gCoimisinéir ar feadh na bliana go léir.

Deimhním go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais inmheánaigh airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009.



Kathleen Doyle

An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe

An 16 Samhain 2010

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Táthar tar éis na beartais chuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha do na ráitis airgeadais.

A. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhrúithe cuntasaíochta, seachas mar a luaitear thíos, agus faoi ghnás an chostais stairiúil san fhoirm a cheadaíonn an tAire Iompair, le toiliú an Aire Airgeadais.

Glacadh leis na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar a tháinig siad i bhfeidhm.

B. Ioncam

Áirítear san ioncam, ioncam a chruthaítear ó ghníomhaíochtaí ceadúnaithe, measúnaithe agus forfheidhmithe.

C. Cánachas

Tá an Coimisiún díolmhaithe ón gCáin Chorporáide faoi Alt 41 den Acht Airgeadais, 1991.

D. Sócmhainní Intadhaill agus Dímheas

Taispeántar na sócmhainní seasta intadhaill ag costas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais, de réir méid cothrom, ag na rátaí bliantúla a leagtar amach thíos, ionas go ndíscríobhtar sócmhainní, arna gcoigeartú do luach iarmharach measta, i gcaitheamh saolré úsáideach gach catagóire iomchuí lena bhfuil coinne.

(i) Léasacht 5%

(ii) Trealamh agus bogearraí ríomhaire 33%

(iii) Mótارفهithicil 20%

Soláthraítear dímheas do bhliain iomlán i mbliain an tsoláthair.

Cuireadh athrú i bhfeidhm sa bheartas cuntasaíochta lena mbaineann Daingneáin agus Feistis agus trealamh Cumarsáide in 2009. Agus na gcatagóirí sócmhainne seo arna réiteach, rinneadh an cinneadh na beartais chuntasaíochta a leasú ó 15% SL, faoi mar a bhíodh i gceist roimhe seo, go dtí ráta 10% SL, atá ar aon dul le rátaí Seirbhíse Poiblí.

(iv) Daingneáin agus feistis 10%

(v) Trealamh Oifige 10%

E. Cuntas Caipitil

Nochtann an Cuntas Caipitil an luach gan amúchadh atá ar an ioncam a caitheadh ar chúrsaí caipitil.

F. Aoisliúntas

Beidh an Coimisiún ag cur scéimeanna sochair shonraithe phinsin ar fáil dá bhfostaithe. Tá struchtúir na scéime bunaithe ar scéim eiseamlárach gan mhaoiniú na Roinne Airgeadais do Chomhlachtaí Stáit. Tá cead do na scéimeanna seo faighte ag an gCoimisiún ón Roinn Iompair agus ón Roinn Airgeadais; tá na scéimeanna dréachtaithe agus ag fanacht le cead deiridh a fháil ón Roinn Airgeadais. Tá cead faighte ag an Roinn Iompair ón Roinn Airgeadais chun na scéimeanna a fheidhmiú ar bhonn riaracháin. Tá pinsin iníoctha faoi na scéimeanna maoinithe ag an Stáitchiste. Ina theannta sin, is amhlaidh a bheidh roinnt saintréithe agus socruithe ag an gCoimisiún:

- Tabharfaidh an Coimisiún ranníocaíocht chomhaontaithe don Roinn Iompair;
- Is mír fostaí i dteannta le mír fostóra atá sa ranníocaíocht;
- Is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de thuarastal d'fhosaithe ar PRSI iomlán, agus 30% dóibh siúd ar PRSI modhnaithe;
- Tá tiomantas follasach ann ón Roinn Airgeadais go gcuirfear vóta na Roinne Iompair i gcistí leis an Stáitchiste le sochair phinsin a shásamh de réir mar a éiríonn siad dlíte.

Measann an Coimisiún go bhfuil an éifeacht chéanna airgeadais ag a shocruithe pinsin a thuairiscítear thuas i dtuairim an Choimisiúin mar a shainítear sa scéim ranníocaíochta shainmhínithe. Rinneadh ranníocaíochtaí leis an Roinn de luach €663,608 ón 13 Iúil 2009 i leith. Gearrtar ranníocaíochtaí don chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina ndéantar ranníocaíochtaí iníoctha astu.

G. Tréimhse na gCuntas

Baineann na ráitis airgeadais leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009.

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009


Cuntas loncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

	Nóta	An 31 Nollaig 2009 €	An 31 Nollaig 2008 €
Ioncam	1	7,513,884	16,500,867
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil	8	212,928	(48,717)
Ioncam iomlán		7,726,812	16,452,150
Tuarastail agus Pánna	2	2,379,885	2,098,175
Costais Oibriúcháin Eile	3	6,990,361	8,885,101
Caiteachas iomlán		9,370,246	10,983,276
Barrachas (Easnamh) don tréimhse		(1,643,434)	5,468,874
Barrachas t/aa an 1 Eanáir		23,935,809	18,466,935
Barrachas amhail an 31 Nollaig		22,292,375	23,935,809

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais ag an gCoimisiún seachas iad siúd ar pléadh leo sa Chuntas loncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1–14.



Kathleen Doyle

An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe


An 16 Samhain 2010

Clár Comhardaithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

	Nóta	An 31 Nollaig 2009	An 31 Nollaig 2008
		€	€
Sócmhainní Seasta	4	587,468	800,396
Sócmhainní Reatha			
Banc		22,984,043	24,745,305
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	6	691,953	1,162,472
		23,675,996	25,907,777
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	7	1,383,621	1,971,968
Glansócmhainní Reatha		22,292,375	23,935,809
Sócmhainní Iomlána		22,879,843	24,736,205
Ionadaithe ag:			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		22,292,375	23,935,809
Cuntas Caipitil	8	587,468	800,396
		22,879,843	24,736,205

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1–14.



Kathleen Doyle

An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe


An 16 Samhain 2010

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

	Nóta	An 31 Nollaig 2009	An 31 Nollaig 2008
		€	€
Réiteach an Bharrachais/(Easnaimh) Oibriúcháin go Glan-Insreabhadh (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim sa bhreis ar Chaiteachas		(1,643,434)	5,468,874
Ús taisce a fuarthas	1	(557,043)	(771,775)
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	3	74,914	0
Aistriú chuig cuntas caipitil	8	(212,928)	48,717
Dímheas	4	155,035	210,854
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	6	470,519	28,244
Laghdú ar Chreidiúnaithe	7	(588,347)	489,186
Glan-Insreabhadh/(Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(2,301,284)	5,474,100
Glan-Insreabhadh/(Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(2,301,284)	5,474,100
Brabús ar Infheistíochtaí agus ar Fhónamh a dhéanamh ar Airgeadas			
Ús Taisce a fuarthas	1	557,043	771,775
Glanchaiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a fháil	4	(17,021)	(259,571)
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta		0	0
Méadú/(Laghdú) ar airgead		(1,761,262)	5,986,304
Réiteach glan-insreafa airgid go gluaisteacht i nglanchistí/(fiachas)			
Méadú/(Laghdú) ar airgead		(1,761,262)	5,986,304
Glanchistí amhail an 1 Eanáir		24,745,305	18,759,001
Glanchistí amhail an 31 Nollaig		22,984,043	24,745,305

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1–14.



Kathleen Doyle

An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe

An 16 Samhain 2010

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

1. Ioncam

	An 31 Nollaig 2009	An 31 Nollaig 2008
	€	€
Táillí Ceadúnais infhaighte	6,679,528	15,650,869
Ioncam Táille Seasta	77,845	61,232
Ioncam Eile	199,468	16,991
Ús Bainc Infhaighte	557,043	771,775
	7,513,884	16,500,867

2. Tuarastail agus Pánna

	An 31 Nollaig 2009	An 31 Nollaig 2008
	€	€
Cuimsítear i gcostais foirne:		
Tuarastail agus Pánna	1,675,192	1,583,123
Foireann Shealadach	570,176	396,517
Costais Foirne Eile	23,120	22,286
Costais na Foirne Slándála	60,466	34,672
Oiliúint	50,931	61,577
	2,379,885	2,098,175

Nóta: Baineadh €62,581 ó bhaill foirne chun íoc as an tobhach pinsin agus íocadh an tsuim seo leis an Roinn Iompair in 2009.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

3. Costais Oibriúcháin Eile

	An 31 Nollaig 2009	An 31 Nollaig 2008
	€	€
Táille Iniúchta	5,460	6,000
Taisteal agus Cothú	224,804	338,228
Clódóireacht agus Páipéarachas	14,516	33,846
Postas	210,522	279,895
Foilseacháin	20,755	146,882
Árachas	48,709	49,008
Táillí Sainchomhairliúcháin	414,991	149,468
Cíos agus Rátaí	217,262	200,034
Costais Bhainistiú Teagmhála	687,609	780,395
Fógraíocht agus Feasacht Phoiblí	527,417	2,674,632
Costais TF agus Ríomhaire	366,519	243,198
Costais Cheadúnaithe Feithiclí agus Tiománaithe	1,729,964	1,778,280
Táillí Gairmiúla agus Dlí	253,266	367,963
Guthán, Idirlíon, Facs agus Gréasán	73,471	76,526
Deisiúcháin agus Cothabháil	103,406	182,167
Soilse agus Teas	19,468	23,808
Costais Ghinearálta	162,886	156,515
Costais na Comhairle Comhairlí	5,754	4,467
Athbhreithniú ar Thionchar Rialála	176,498	0
Iniúchadh ar Stad Tacsaithe	298,319	0
Caillteanas ar Dhiúscairt	74,914	0
Dímheas	155,035	210,854
Measúnú ar Thionscadail CIMS/Scileanna Tiomána	689,190	957,523
Tionscadail Taighde	227,126	225,412
Tionscadal – ollstóráil sonraí	114,191	0
Tionscadal – oibreacha tógála	67,981	0
Tionscadal – Oibríocht Seolta/Ceadúnú Feithiclí/Clárú Poiblí	100,328	0
	6,990,361	8,885,101

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

4. Sócmhainní Seasta Intadhail

	Léasacht (5%)	Ríomhaire Trealamh (33%)	Cumarsáid Trealamh (15%)	Daingneáin agus Feistis (15%)	Mótar Gluaisteán (20%)	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
Amhail an 1 Eanáir 2009	493,114	510,549	156,305	283,183	20,600	1,463,751
Coigeartuithe a rinneadh i dtréimhse roimhe seo	57,425	-26,544	9,925	-25,687	0	15,119
Breiseanna	0	-15,119	6,943	10,079	0	1,902
Diúscairtí	0	-74,914	0	0	0	-74,914
Athrú don tréimhse	57,425	-116,577	16,868	-15,609	0	-57,893
Amhail an 31 Nollaig 2009	550,539	393,972	173,173	262,574	20,600	1,405,858

Dímheas Carntha

Amhail an 1 Eanáir 2009	114,539	304,004	97,307	143,386	4,120	663,356
Coigeartuithe a rinneadh i dtréimhse roimhe seo	9,394	-6,230	11,524	-12,686	0	2,002
Diúscairtí	0	0	0	0	0	0
Táille don tréimhse	27,527	77,311	17,317	26,757	4,120	153,033
Athrú don tréimhse	36,921	71,082	28,841	14,071	4,120	155,035
Amhail an 31 Nollaig 2009	151,460	375,085	126,148	157,458	8,240	818,390

Glanluach Leabhar

Amhail an 31 Nollaig 2008	378,575	206,546	58,998	139,797	16,480	800,396
Amhail an 31 Nollaig 2009	399,079	18,887	47,025	110,116	12,360	587,468

Nóta: De réir an Ráitis ar Bheartais Chuntasaíochta (Nóta D), rinneadh an beartas cuntasaíochta le haghaidh dímheasa i leith Catagóirí Sócmhainní Seasta de Threalamh agus de Dhaingneáin agus d'Fheistis Oifige a athrú d'fhonn saolré úsáideach na sócmhainne a léiriú ar bhealach níos éifeachtaí agus d'fhonn go mbeadh an beartas ar aon dul le déileáil sócmhainní na hearnála poiblí. Ó 2009 ar aghaidh, bainfidh ráta dímheasa 10% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim le Trealamh, le Daingneáin agus le Feistis Oifige. Ní dhearnadh aon choigeartú do dhímheas carntha i dtréimhsí roimhe seo de réir GAAP.

5. Forbairt Bogearraí

Baineann diúscairt don bhliain ar luach €74,914 í le deireadh a chur le tionscadal forbartha bogearra.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

6. Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí

	An 31 Nollaig 2009	An 31 Nollaig 2008
	€	€
Féichiúnaithe	5,600	0
Ioncam Fabhráithe	656,442	1,153,924
Réamhíocaíochtaí	29,911	8,548
	691,953	1,162,472

7. Creidiúnaithe agus Fabhrúithe

	An 31 Nollaig 2009	An 31 Nollaig 2008
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	596,327	617,837
Creidiúnaithe Ioncaim	79,409	67,209
Creidiúnaithe Eile	4,397	1,320
Fabhrúithe	286,288	220,617
Fabhrú Aoisliúntais	381,890	697,560
Tairiscintí Coinníollacha	35,850	367,425
	1,384,161	1,971,968

8. Cuntas Caipitil

	An 31 Nollaig 2009	An 31 Nollaig 2008
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	800,396	751,679
Cistí leithdháilte le sócmhainní seasta a fháil	-57,893	259,571
Méid amúchta ar aon dul le dímheas sócmhainne	-155,035	(210,854)
Aistriú ó/(go dtí) an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	-212,928	48,717
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	587,468	800,396

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

9. Leasanna Bhall an Choimisiúin

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'éisigh an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasanna Bhaill an Choimisiúin agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbheartaíochtaí sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Choimisiúin, ina raibh leas tairbheach ag Ball an Choimisiúin.

10. Ceangaltais Léasa

Tá ceangaltais ag an gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe i ndáil le léas ar chóiríocht oifige ag 35 Cearnóg Mhic Liam. In Aibreán 2006, sannadh léas don Choimisiún do théarma 35 bliain a rachaidh as feidhm an 27 Aibreán 2024. Is €170,000 an cíos bliantúil agus tabharfar faoi athbhreithniú cíosa gach cúig bliana

11. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh cur i láthair nithe sna ráitis airgeadais a mhionathrú agus tá na figiúirí comparáideacha arna n-athshonrú sa chás cuí ar bhealach nach dtagann salach ar chur i láthair nithe na bliana reatha.

12. Luach Saothair na gCoimisinéirí

Fuair an Coimisinéir íocaíochtaí tuarastail de mhéid €137,262 in 2009. Níor íocadh aon íocaíochtaí breise leis an gCoimisinéir. Fuair an Coimisinéir forchúiteamh ar chostais taistil agus chothaithe de mhéid €4,779 in 2009.

Ball de scéim shainithe tairbhe gan chistiú na hearnála poiblí is ea an Coimisinéir agus ní sháraíonn a cuid teidlíochtaí pinsin gnáth-theidlíochtaí i scéim shainithe tairbhe aoisliúntais na hearnála poiblí.

13. Dlíteanais Theagmhasacha

Tá eadráin idir an Coimisiún agus soláthraí faoi láthair, lena mbaineann cealú conartha le haghaidh seirbhísí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

14. Cumasc leis an Údarás Iompair Náisiúnta

Déantar foráil san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, a foilsíodh tráth déanach in 2009, le haghaidh dhíscaoileadh an Choimisiúin amhail a leanas: “Díscaoiltear an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe, ar iarratas an Údaráis, cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú”. Níor síníodh Ordú an Aire tráth a scríofa.

Níl an Coimisiún san airdeall ar aon rún feidhmeanna an Choimisiúin a leasú agus glactar leis go leanfaidh an comhlacht cónasctha ar aghaidh lena gcuid gníomhaíochtaí reatha agus go ndéanfar a gcuid sócmhainní, dliteanais agus foirne a aistriú chuig an gcomhlacht sin. Faoi na cúinsí seo, ní dóigh leis an gCoimisiún go bhfuil aon ghá ann na ráitis airgeadais a choigeartú chun aon athstruchtúrú a d’fhéadfadh titim amach a léiriú agus tá na cuntais seo arna réiteach acu ar bhonn gnóthais leantaigh.